



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

An Comhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh

An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch
agus Trádála (CETA)

Meán Fómhair 2021

Comhaltas an Choiste

- John Brady T.D., Sinn Féin
- Dara Calleary T.D., Fianna Fáil
- Francis Noel Duffy T.D., an Comhaontas Glas
- Seán Haughey T.D., Fianna Fáil
- Brendan Howlin T.D., Páirtí an Lucht Oibre, *Leas-Chathaoirleach*
- Marian Harkin T.D., Neamhspleách
- Joe McHugh T.D., Fine Gael, Cathaoirleach
- Neale Richmond T.D., Fine Gael
- Ruairí Ó Murchú T.D., Sinn Féin
- Lisa Chambers, Seanadóir, Fianna Fáil
- Regina Doherty, Seanadóir, Fine Gael
- Sharon Keogan, Seanadóir, Neamhspleách
- Vincent P Martin, Seanadóir, an Comhaontas Glas
- Michael McDowell, Seanadóir, Neamhspleách

An Comhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh



John Brady T.D.

Sinn Féin



Dara Calleary T.D.

Fianna Fáil



Francis Noel Duffy T.D.

An Comhaontas Glas



Seán Haughey T.D.

Fianna Fáil



Brendan Howlin T.D.

Páirtí an Lucht Oibre



Marian Harkin T.D.

Neamhspleách

Leas-Chathaoirleach



Joe McHugh T.D.

Fine Gael

Cathaoirleach



**Neale Richmond
T.D.**

Fine Gael



Ruairí Ó Murchú T.D.

Sinn Féin



Lisa Chambers, Seanadóir

Fianna Fáil



**Regina Doherty,
Seanadóir**

Fine Gael



Sharon Keogan, Seanadóir

Neamhspleách



Vincent P Martin, Seanadóir

An Comhaontas Glas



Michael McDowell, Seanadóir


Neamhspleách

Réamhrá ón gCathaoireach

Tá an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) sainaitheanta ag an gCoiste mar ábhar ar ar cheart scrúdú a dhéanamh. Is éard atá i gceist le CETA comhaontú trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada atá i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó 2017. Agus é ag eascairt as uaillmhian an Aontais a chuid comhaontuithe trádála a fhorbairt agus iad a dhéanamh níos cuimsithí, feictear ar CETA mar an comhaontú is úire de chomhaontuithe trádála nua óir go gcuimsítear ann meascán de ghnéithe clasaiceacha, amhail taraifí a dhíchur, agus gnéithe eile, ar nós aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí. Agus tionchar CETA ar Éirinn á scrúdú, is léir gur bhain Éire, mar gheilleagar oscailte, tairbhe eacnamaíoch as cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe. Mar sin féin, cé go nglactar leis go raibh tionchar dearfach ag na tairbhí eacnamaíocha ar Éirinn, tá ceisteanna maidir le daingniú CETA ina gcnámh spairne i measc chomhaltaí Thithe an Oireachtais agus i mBallstáit eile. Ós rud é gur comhaontú measctha atá in CETA, tá gá lena dhaingniú sna Ballstáit uile i gcomhréir le ceanglais náisiúnta. San fhianaise a cuireadh i láthair an Choiste, léiríodh go mbíonn roinnt blianta de dhíth, de ghnáth, sula bhféadfaí an próiseas sin a chur i gcrích. Faraor, agus Córas na Cúirte Infheistíochta curtha le CETA, tá roinnt ceisteanna eile tagtha aníos agus is mine fós an grinnschrúdú atáthar á dhéanamh air. Maidir le daingniú CETA in Éirinn, baineann an fhadhb le Córas na Cúirte Infheistíochta a chur san áireamh, agus roinnt mhaith geallsealbhóirí ag cur ina choinne. Chuaigh an Coiste i mbun plé fada fairsing ar na hábhair imní a bhaineann le Córas na Cúirte Infheistíochta agus chuir líon mór comhaltaí in iúl go raibh fíorimní orthu. Faoi ról na bparlaimintí náisiúnta, ní féidir ábhar CETA a athchaibidlíú agus ní fhoráiltear ach do rogha dhéanartha ann: daingniú nó neamhdhaingniú.

D'eagraigh an Coiste roinnt seisiún poiblí le hacadóirí agus le saineolaithe agus ba mhian liom buíochas a ghabháil leis na finnéithe uile a d'fhreastail ar éisteachtaí an Choiste agus as an gcáipéisíocht faisnéise a chuir siad ar fáil. D'iarr an Coiste aighneachtaí i scríbhinn freisin maidir leis an ábhar agus ba mhian liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na geallsealbhóirí sin a d'oibrigh leis an gCoiste. Agus an deis acu scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na saincheisteanna, d'éirigh leis na comhaltaí tuiscint níos soiléire a fháil ar an gComhaontú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Choiste as dul i ngleic leis an tsaincheist go measúil cuimsitheach. Tá sraith conclúidí curtha i dtoll a chéile ag an gCoiste agus tá súil againn go gcuideoidís sin le comhaltaí agus le geallsealbhóirí eile agus iad i mbun grinnschrúdú ar an ábhar.





Joe McHugh, TD
An Cathaoirleach
An Comhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh
Meán Fómhair 2021

An Clár Ábhar

Comhaltas an Choiste.....	1
Réamhrá ón gCathaoireach.....	4
Liosta Acrainmneacha agus Giorrúchán in Úsáid.....	8
1. Réamhrá	9
2. Breithniú an Choiste.....	9
3. Conclúidí	10
4. Ollstruchtúr Institiúideach agus Bunreachtúla an Chomhaontaithe.....	12
4.1 Forléargas ar CETA agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí	12
4.2 Cur i bhfeidhm sealadach	13
5. Comhoiriúnacht do Bhunreacht na hÉireann agus impleachtaí daingniú nó neamhdhaingniú.....	14
5.1 Bunreacht na hÉireann agus comhaontuithe idirnáisiúnta	14
5.2 An nós imeachta agus na himpleachtaí a bhaineann le daingniú nó neamhdhaingniú	15
5.3 An ról atá ag na parlaimintí náisiúnta	17
5.4 Daingniú i mBallstáit eile	17
6. Córas na Cúirte Infheistíochta.....	19
6.1 Stair agus forbairtí le déanaí	19
6.2 Dífríochtaí idir ICS agus foirmeacha eile ISDS	21
6.3 Rochtain ar Chóras na Cúirte Infheistíochta	23
6.4 Rialachas Chóras na Cúirte Infheistíochta.....	24
6.5 Ceart chun rialaithe an Stáit i gcoinne Éifeacht Athchomhairleach Rialála	25
6.6 ICS agus Tionchair ar an Stáitchiste	29
6.7 Idirghníomhaíocht idir ICS agus na cúirteanna náisiúnta	30
6.8 Tionchair ICS ar infheistíocht isteach agus infheistíocht amach	31
6.9 Cásdlí	32
6.10 Taithí ar shásraí eile ISDS	33
6.11 Múnlaí malartacha ISDS	34

7. Tionchar CETA ar Bheartais Eacnamaíocha agus Beartais Intíre na hÉireann.....	35
7.1 Na Tionchair Eacnamaíochta a bhaineann le Cur i bhFeidhm Sealadach CETA	35
7.2 Tionchair ar na hEarnálacha	37
7.3 Tionchair ar FBManna.....	38
7.4 Tionchair ar Thrádáil agus Caidreamh idir Éire agus Ceanada	39
7.5 Infheistíochtaí Ceanada in Éirinn	40
Aguisín 1: Téarmaí Tagartha den Choiste.....	41
Aguisín II: Liosta de na Cruinnithe a Tionóladh	45
Aguisín III: Liosta de na hAighneachtaí Scríofa a Fuarthas	46

Liosta Acrainmneacha agus Giorrúchán in Úsáid

CETA	An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála
CPTTP	An Comhaontú Cuimsitheach agus Comhleanúnach i leith Chomhpháirtíocht an Aigéin Chiúin agus na hÁise
CBE	An Chúirt Bhreithiúnais
SCE	An Sásra Cobhsaíochta Eorpach
FTA	Comhaontú Saorthrádála
OTI	Olltáirgeacht Intíre
IBEC	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
ICBA	Comhlachas Gnó na hÉireann-Cheanada
ICS	Córas na Cúirte Infheistíochta
ICSID	Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú
GFT	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
EIS	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
CAI	Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
ISDS	Réiteach Díospóide idir Infheisteoirí agus an Stát
MERCOSUR	Mercado Común del Sur (<i>An Cómhargadh Theas</i>)
NAFTA	Comhaontú Saorthrádála Mheiriceá Thuaidh
FBM	Fiontair bheaga agus mheánmhéide
TTIP	An Chomhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta
EDT	An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

1. Réamhrá

Comhaontú trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada is ea an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA). Bunaíodh an Comhaontú mar thoradh ar chur chuige an Aontais maidir le beartas trádála agus ionas go mbeadh aon chomhaontú trádála a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo i bhfad níos cuimsithí ná na comhaontuithe a bhí ann rompu. Comhpháirtí slán follasach don Aontas ba ea Ceanada le haghaidh comhaontú cuimsitheach trádála. Tar éis tréimhse thaiscéalaíoch idir 2007 agus 2008, osclaíodh caibidlíocht fhoirmiúil go hoifigiúil le Ceanada in 2009. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích i Lúnasa 2014 agus shínigh na Ballstáit uile formheas an téacs in 2016. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an Comhaontú i bhFeabhra 2017 agus rinne Ceanada é a dhaingniú i mí na Bealtaine, 2017. I gcomhthráth, rinneadh comhaontú comhpháirtíochta straitéisí (SPA) a chaibidliú agus síníodh é i mí Dheireadh Fómhair, 2016.

Ós rud é gur Comhaontú measctha é an Comhaontú seo ina gcuirtear san áireamh inniúlachtaí an Aontais agus inniúlachtaí na mBallstát araon, tá gá lena dhaingniú sna Ballstáit uile i gcomhréir le ceanglais náisiúnta. In Éirinn, is gá an Comhaontú a dhaingniú i vóta de Dháil Éireann. Ní cheanglaítear ar na Ballstáit an Comhaontú a dhaingniú laistigh de thréimhse ama shonraithe agus is féidir go mbeadh roinnt blianta ann sula gcuirfí an próiseas sin i gcrích. Fad is atá an próiseas sin ar bun, tá codanna substaintiúla de i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó Mheán Fómhair 2017 agus leanfar den chur i bhfeidhm sealadach seo lasmuigh dá dhaingniú. Baineann na gnéithe de CETA nach n-áirítear sa chur i bhfeidhm sealadach le Córas na Cúirte Infheistíochta agus le caibidlí de CETA a bhaineann le réimsí beartais ina bhfuil meascán d'inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit.

2. Breithniú an Choiste

D'aontaigh an Comhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh grinnscrúdú a dhéanamh ar CETA agus shainaithin sé trí réimse uileghabhálacha fiosrúcháin:

1. **Ollstruchtúr Institiúideach agus Bunreachtúla an Chomhaontaithe**
2. **Córas na Cúirte Infheistíochta**

3. Tionchar CETA ar Bheartais Eacnamaíocha agus Beartais Intíre na hÉireann

Thionóil an Coiste roinnt cruinniú poiblí agus d'iarr sé aighneachtaí i scríbhinn ó réimse leathan geallsealbhóirí. Tá naisc chuig tras-scríbhinní ó na cruinnithe sin le haimsiú in Aguisín II.

3. Conclúidí

Tugann an Coiste faoi deara, i gcomaoin CETA, go bhfuil tuairimí difriúla ann maidir leis an gcomhaontú, go háirithe ó thaobh ghné ICS de.

Tá breithniú déanta ag an gCoiste ar an bhfianaise a cuireadh ina láthair, agus d'aontaigh sé tuairisciú mar seo a leanas:

1: Tá seachtar comhaltaí den Choiste go láidir den tuairim gur Comhaontú den chéad scoth is ea CETA d'Éirinn agus, go deimhin, don Aontas Eorpach trí chéile. Tá siad den tuairim nach gcuirtear ceannasacht na hÉireann i gcontúirt in aon chor faoin gComhaontú agus go bhfuil sraith iomlán cosaintí san áireamh ann. Agus margadh Cheanada á oscailt d'onnmháireoirí Éireannacha agus leibhéal níos leithne deiseanna á thabhairt do thomhaltóirí in Éirinn agus san Eoraip dá bharr, is fíor gur comhaontú sármhaith é CETA. Maille leis sin, is comhaontú é lena gcuirtear réimse cosaintí ar fáil do thomhaltóirí, do Rialtais na mBallstát, d'infheisteoirí, do tháirgeoirí, do ghrúpaí leasmhara lena mbaineann agus níos mó. Tá na comhaltaí sin den Choiste go huile is go hiomlán den tuairim gur cheart CETA a chur ar aghaidh chuig Dáil Éireann agus Seanad Éireann le haghaidh daingniú deiridh.

2: Creideann seachtar comhaltaí den Choiste go láidir, i bhfianaise fhormhór na bhforálacha de CETA arna gcur i bhfeidhm go sealadach cheana féin (cé is moite díobh siúd a bhaineann le hinfheistíocht phunainne agus ICS), creideann siad gur ann d'fhíorábhair imní gan réiteach maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le cur chun feidhme ICS do cheannasacht agus do bheartas poiblí na mBallstát. Tá na comhaltaí sin den tuairim nár cheart rúin maidir le CETA a dhaingniú a chur faoi

bhráid Dháil Éireann agus Sheanad Éireann ionas gur féidir fiosrúchán polaitiúil náisiúnta forleathan agus díospóireacht i ngach cuid den tsochaí a éascú maidir leis na himpleachtaí a bhaineann lena dhaingniú.

4. Ollstruchtúr Institiúideach agus Bunreachtúla an Chomhaontaithe

Cuireadh tús leis an bplé idir Ceanada agus an tAontas Eorpach roinnt blianta ó shin faoi choimirce aistriú an Aontais i dtreo beartas trádála níos dírithe agus níos cuimsithí. Agus scrúdú á dhéanamh ar CETA, bhí fonn ar an gCoiste ollstruchtúr agus próiseas caibidlíochta an Chomhaontaithe a iniúchadh.

4.1 Forléargas ar CETA agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí

D'aistrigh an tAontas Eorpach ó bheith ag díriú ar chaibidlíochtaí iltaobhacha EDT, a seoladh in Doha in 2001, chun díriú ar chomhaontuithe déthaobhacha. Tá CETA ceaptha a bheith níos cuimsithí ná na comhaontuithe trádála roimhe seo agus aghaidh á tabhairt ann ar bhacainní neamhtharaifí agus ar shaincheisteanna a bhaineann le cothrom na Féinne, amhail caighdeán saothair agus chomhshaoil. Thíolaic an David O'Sullivan don Choiste go rabhthas den tuairim go mbeadh Ceanada ina chomhpháirtí trialach den scoth le haghaidh an chomhaontaithe saorthrádála (FTA) den chéad ghlúin eile seo toisc go raibh Ceanada ag iarraidh, le tamall anuas, réimse níos leithne de shaincheisteanna a ionchorprú ina bheartas trádála idirnáisiúnta féin. Chomh maith leis sin, breathnaíodh ar an tír mar chomhpháirtí, a mbeadh an dearcadh céanna aige agus atá ag an Aontas agus lena mbeadh sé in ann dul i mbun idirphlé táirgiúil. Ar a bharr sin, thíolaic Rupert Schlegelmilch go bhfuil CETA den chineál is úire de bheartas trádála AE toisc go gcuimsítear ann: meascán de shaincheisteanna clasaiceacha amhail taraifí a dhíchur; i dteannta bacainní neamhtharaifí araon amhail aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí; chomh maith le gnéithe nuálacha ar nós an fhóraitim um chomhar rialála a chuidíonn le saincheisteanna a réiteach, saincheisteanna ag a bhfuil tionchar ar rochtain ar an margadh; agus forálacha a bhaineann le saincheisteanna ar nós comhionannas inscne agus an aistrithe ghlais. Thíolaic Schlegelmilch gur léiriú é CETA ar ar féidir le dhá chomhpháirtí, ag a mbeadh an dearcadh céanna, a dhéanamh chun aghaidh dhaonna a chur ar an domhandú agus nocht sé go raibh geallsealbhoirí ón dá stát agus ón tsochaí shibhialta rannpháirteach go mór sna caibidlíochtaí agus i

gcur chum feidhme CETA. Gabhann comhaontú comhpháirtíochta straitéisí (SPA) le CETA. Le SPA, déantar an creat comhair idir an tAontas agus Ceanada a uasghrádú agus leathnaítear bunús an chaidrimh atá eatarthu.

Beidh cur chun feidhme CETA faoi rialú Comhchoiste ina mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ó Ceanada araon, i dteannta roinnt fochoistí comhlachaithe agus fóraim, lena n-áirítear Fóram na Sochaí Sibhialta. Tíolacadh don Choiste go n-oibreodh an Comhchoiste agus na comhlachtaí comhlachaithe faoi réir phrionsabal na trédhearcachta, go bhfoilseoidís a gcláir oibre, go ndéanfaidís saincheisteanna arna dteacht chun cinn trí phróiseas ón mbun aníos a mheas, agus go mbeidís i dtadhall buan le Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme CETA.

4.2 Cur i bhfeidhm sealadach

Is gá CETA a dhaingniú sna Ballstáit uile sula ndéanfaí an Comhaontú a chur chun feidhme ina iomláine. Bíonn os cionn 40 seomra parlaiminteach i gceist sa phróiseas sin de ghnáth, lena n-áirítear na córais sin a bhfuil dhá sheomra iontu, mar aon le córais fheidearálacha eadhon córas na Beilge ina bhfuil seacht bparlaimint ar ar chóir an Comhaontú a dhaingniú. D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt blianta i gceist sula ndéanfaidh na Ballstáit é a dhaingniú agus ionas nach gcuirfí moill ar na tairbhí a bhaineann le CETA, cuireadh na forálacha a bhaineann le hinniúlachtaí AE, cé is moite d'infheistíocht phunainne agus córas na cúirte infheistíochta, i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh.

Thíolaic David O'Sullivan gur glacadh leis, go dtí breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (CBE) in 2017 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór, gur glacadh leis dá mbeadh inniúlachtaí measctha i gceist in aon chomhaontú trádála, go ndéanfaí an ceanglas maidir le daingniú iomlán gach Ballstáit a thionscnamh. Le breithiúnas CBE in 2017, leagadh prionsabail síos a d'fhág gur féidir comhaontuithe trádála a mhúnlú ar bhealach a d'fhágfadh nach mbeadh ach daingniú ar leibhéal AE ag teastáil ina leith, mar atá: vóta i gComhairle na nAirí agus vóta i bParlaimint na hEorpa. Is rídhócha, mar sin, dá gcuirfí comhaontú Ceanada i láthair inniu, seachas an chaibidil a bhaineann le hinfeistíochtaí, nach mbeadh daingniú náisiúnta de dhíth. Le breithiúnas CBE, in ionad athrú a dhéanamh ar ábhar na gcomhaontuithe trádála amach anseo, fágadh gur féidir comhaontuithe trádála a

chur i dtoll a chéile ar bhealach a d'fhágfadh go mbeadh na gnéithe atá dírithe ar thrádáil faoi réir phróiseas daingnithe atá beagán níos éasca ar leibhéal an Aontais, próiseas nach mbeadh ach cinneadh ó Chomhairle na nAirí agus ó Pharlaimint na hEorpa de dhíth ina leith seachas daingniú ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis na gnéithe eile, go háirithe iad sin a bhaineann le hinfheistíocht, tá siad sin fós faoi réir daingniú iomlán ar an leibhéal náisiúnta.

5. Comhoiriúnacht do Bhunreacht na hÉireann agus impleachtaí daingniú nó neamhdhaingniú

De bhun an scrúdaithe ar CETA, cuireadh tús le díospóireacht níos leithne maidir leis na saincheistanna dlíthiúla a bhaineann le comhaontuithe trádála idirnáisiúnta agus a gcomhoiriúnacht dár gcóras dlí. Agus scrúdú ar bun ag an gCoiste ar ghnéithe dlí an Chomhaontaithe, d'ardaigh sé an cheist: an bhfuil gá le reifreann le haghaidh comhaontuithe trádála, amhail CETA? D'fhiosraigh an Coiste freisin na himpleachtaí a bhaineann le daingniú nó neamhdhaingniú an Chomhaontaithe d'Éirinn.

5.1 Bunreacht na hÉireann agus comhaontuithe idirnáisiúnta

Thug an Dr David Fennelly forléargas don Choiste ar rialú comhaontuithe idirnáisiúnta faoi chreat bhunreacht na hÉireann agus ar chásdlí ábhartha a bhaineann le bunreachtúlacht comhaontuithe idirnáisiúnta. Thíolaic an Dr Fennelly gur chóir na comhaontuithe trádála uile ar páirtí iontu an Stát a leagan faoi bhráid na Dála. Ní mór aon chomhaontú a bhfuil muirear ar chistí poiblí san áireamh ann a bheith faofa ag an Dáil, agus i gcás ina bhfuil gá le hathrú dlí mar gheall ar chomhaontú idirnáisiúnta, ní mór don Oireachtas é sin a dhéanamh i gcomhréir lena chumhacht reachtóireachta faoi Airteagal 15.

Go sonrach, scrúdaigh an Coiste cibé an bhfuil reifreann de dhíth le haghaidh dhaingniú an Chomhaontaithe nó nach bhfuil agus, chuige sin, chuaigh sé i muinín Chás Crotty agus Chás Pringle. Baineann ábharthacht ar leith leis an dá chás sin toisc gur tugadh an breithiúnas i gCás Crotty go raibh coimhthiú i gceist i dTeideal 3 den Ionstraim Eorpach Aonair ar chumhachtaí ceannasachta an Stáit faoin mbunreacht, rud a d'fhág go raibh reifreann de dhíth. I mbreithiúnais na Cúirte Uachtaraí ina dhiaidh sin, go háirithe sa bhreithiúnas a tugadh i gCás Pringle, rinneadh raon feidhme

bhreithiúnas Crotty a cháiliú. Maidir le hagóid a rinneadh in aghaidh an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, rialaigh an Chúirt Uachtarach i gCás Pringle go raibh feidhmiú ceannasachta i gceist in SCE, seachas coimhthiú nó séanadh ceannasachta, rud a d'fhág nach raibh reifreann de dhíth.

Thíolaic an Dr Fennelly go ndearna an Stát comhaontuithe eile ina bhfuil sásraí um réiteach díospóidí i gceist, amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, Coinbhinsiún Aarhus, agus an Conradh um Chairt Fuinnimh, gan aon reifreann. Moladh reifrinn, áfach, i gcásanna de chuid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus Chúirt Aontaithe na bPaitinní. Agus scrúdú á dhéanamh aige ar CETA, thug an Dr Fennelly dá aire gur féidir dámhachtainí teacht as na forálacha maidir le cosaint infheistíochta atá ann ach ní féidir, leis na forálacha sin, dlíthiúlacht dhlí na hÉireann ná dhlí an Aontais a chinneadh agus ní bheidh na léirmhínthe atá ann ar dhlí na hÉireann, an Aontais ná Cheanada ceangailteach ar chúirteanna náisiúnta ná cúirteanna AE.

5.2 An nós imeachta agus na himpleachtaí a bhaineann le daingniú nó neamhdhaingniú

Thug an Coiste éisteacht le fianaise ó roinnt foinsí maidir leis an bpróiseas le haghaidh dhaingniú nó neamhdhaingniú an Chomhaontaithe. Chuir an Dr David Fennelly in iúl don Choiste go bhfuil sé den tuairim go bhféadfadh Rialtas na hÉireann, dá ndéanfaí CETA a dhaingniú trí cheachtar den pharlaimint nó de vóta poiblí, go bhféadfadh an Rialtas leanúint ar aghaidh agus an Comhaontú a dhaingniú thar ceann an Stáit agus, a luaithe a bheadh daingniú déanta sna Ballstáit uile, go bhféadfaí CETA a thabhairt chun críche agus é a chur i bhfeidhm ina iomláine.

Mura ndéanfaí an Comhaontú a dhaingniú, áfach, bheadh nós imeachta níos casta i gceist, dar le Dr Fennelly. Cé nach bhféadfaí iachall a chur ar Éirinn aon chomhaontú a dhaingniú, is faoi réir phrionsabal an chomhair dhílis atá sí, agus is dócha go gcuirfí ceangal uirthi dul i mbun plé le hinstiúidí AE chun an toradh seo a bhainistiú.

D'éist an Coiste le raon tuairimí maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le daingniú nó neamhdhaingniú agus le raon tuairimí maidir lena indéanta a bheadh sé caibidlíochtaí a athoscailt i gcás neamhdhaingniú. Bhí David O'Sullivan den tuairim go mbeadh sé deacair, i gcás neamhdhaingniú, caibidlíocht maidir le Córas na Cúirte

Infheistíochta, agus é sin amháin, a athoscailt agus go gcuirfí gníomh den sórt sin plé níos leithne ar an gComhaontú i mbaol: *“Nuair atáthar ag plé le margadh pacáiste, tá sé thar a bheith deacair athchaibidlíocht a theorannú chuig an aon ní amháin agus a rá, ‘is cuma faoin gcuid eile den phacáiste; níl uaim ach athrú a dhéanamh ar aon chuid amháin di.” Tá brón orm, ach tá 26 Bhallstát eile agus Ceanada bainteach leis seo. Go bunúsach, tá 27 nduine eile ann a ndéarfadh, ‘Bhuel, is spéisiúil gur mhaith leat sin a dhéanamh, ach, má táimid chun plé a dhéanamh air sin, tá ceithre nó cúig rud eile ann ar mhaith liom labhairt fúthu. Sin mar atá sé..”* Thíolaic Reuben East “go raibh na caibidlíochtaí ar siúl ar feadh seacht, nó fiú naoi, mbliana. Tá Comhaontú againn anois a cuireadh i bhfeidhm go sealadach in 2017. Is tréimhse an-fhada í sin ní hamháin chun caibidlíocht a dhéanamh, ach freisin chun leanúint den chur i bhfeidhm sealadach. Níor bheag an ní é an chaibidlíocht a athoscailt.”

Luaigh an Dr David Fennelly, agus trácht á déanamh aige ar chás neamhdhaingniú, *“nach bhféadfaí riamh beag a dhéanamh de sheiftiúlacht na mBallstát agus an Aontais agus aghaidh á tabhairt acu ar na saincheisteanna sin”*. Ceann de na cúiseanna a d’fhéadfadh a bheith le cás neamhdhaingniú ná, dar leis, na bearta maidir le cosaint infheistíochtaí a scaradh ón gcuid eile den Chomhaontú. Thíolaic an Dr Oisin Suttle go bhfuil sé den tuairim go bhféadfadh athchaibidlíocht réasúnta beag a dhéanamh i gcás neamhdhaingniú. Thíolaic an Dr John Reynolds fianaise i scríbhinn don Coiste á rá: *“Má dhéanann Ballstát AE amháin nó níos mó daingniú a chur siar go ceann tréimhse éiginnte, beidh feidhm i gcónaí ag an gcur i bhfeidhm sealadach de réir mar atá faoi láthair maidir leis an gcuid is mó den Chomhaontú. Idir an dá linn, níl rud ar bith ann a chuirfeadh bac ar imeacht um athbhunú caidrimh idir an tAontas Eorpach agus Ceanada – mar shampla, chun sásra ICS [Córas na Cúirte Infheistíochta] a bhaint de.”*

Ó thaobh chás CETA, thíolaic an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar, gur bhain institiúidí AE agus na Ballstáit feidhm as *“seiftiúlacht”* cheana féin chun sáinneacha a réiteach, agus trácht á déanamh aige don aistriú chuig cineál eadrána nua le haghaidh cúrsaí infheistíochta (i.e. dlíthiúlacht CETA á hurramú ag tuairim CBE) agus do ghlacadh na hIonstraime Comhpháirtí Léirmhíniúcháin. Thíolaic an Tánaiste go bhféadfaí: *“beart a dhéanamh chun daoine a chur ar a suaimhneas agus aon amhras atá orthu a mhaolú, ach, go bhfuil pointe*

ann ag a bhféadfaí níos mó ná sin a dhéanamh. Creidim go bhfuil an pointe sin buailte linn cheana.” Thíolaic an Tánaiste freisin go bhféadfadh sé teacht chun cinn, i gcás neamhdhaingniú, an fhéidearthacht chun cur i bhfeidhm sealadach CETA a fhoirceannadh.

Chuir an Dr Oisin Suttle in iúl don Choiste go bhfuil sé den tuairim go mbeadh sé deacair tarraingt siar as daingniú. Luaigh sé nach bhféadfadh ach Ceanada nó an tAontas Eorpach, seachas na Ballstáit, an Comhaontú sin a fhoirceannadh agus, fiú dá ndéanfaí é a fhoirceannadh, go gcoinneodh infheisteoirí a gcearta faoi CETA ar feadh 20 bliain. Ar a bharr sin, thíolaic an Dr Laurens Ankersmit go bhféadfaí, in éagmais fógra foirmiúil faoi neamhdhaingniú arna thabhairt ag an Aontas Eorpach do Ceanada, leanúint den chur i bhfeidhm sealadach go ceann tréimhse éiginnte.

Fuair an Coiste fianaise chomh maith ina dtugtar aghaidh ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag neamhdhaingniú ar tharraingteacht na hÉireann mar áit a ndéanfaí infheistíocht ann agus ar théarnamh eacnamaíoch na tíre ón bpaindéim.

5.3 An ról atá ag na parlaimintí náisiúnta

Thug an Dr Laurens Ankersmit fianaise don Choiste ina sonraítear nach bhfuil na parlaimintí náisiúnta in ann athruithe a chur i bhfeidhm ar an téacs a bhfuil rialú ag ICS air sa chaoi chéanna is atá siad in ann athruithe a chur i bhfeidhm ar théacsanna a bhfuil rialú ag cúirteanna náisiúnta na hÉireann orthu. Ní féidir ach le Comhchoiste CETA leasuithe a dhéanamh ar an téacs. Thíolaic Reuben East go mba ábhar don Aontas é cinneadh a dhéanamh maidir le cén ról a bheadh ag na rialtais áitiúla nó ag na parlaimintí náisiúnta a mhéid a bhaineann le leasuithe arna ndéanamh tríd an gComhchoiste.

Thug David O’Sullivan fianaise don Choiste ina sonraítear go mbeadh sé taobh thall de chumas na bparlaimintí náisiúnta ábhar CETA a athchaibidliú agus nach dtabharfaí ach rogha dhéanartha dóibh: daingniú nó neamhdhaingniú.

5.4 Daingniú i mBallstáit eile

D’éist an Coiste le fianaise maidir le dul chun cinn an daingnithe i mBallstáit eile agus na himpleachtaí a bhaineann leis sin dá phráinní atá daingniú na hÉireann.

D'éist an Coiste le fianaise maidir le neamhdhaingniú CETA ag parlaimint na Cipire. Thíolaic David O'Sullivan go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar na vótaí; níl fógra tugtha ag an gCipir don Aontas go fóill maidir leis an neamhdhaingniú agus go dtí go ndéanfaidh sí sin, d'fhanfaidh an cás mar atá. Thug an Tánaiste soiléiriú ar vóta pharlaimint na Cipire, ag rá gur bhain sé le cosaint maoin intleachtúil (i.e. táscairí geografacha agus stádas cineál cáise), seachas le ICS. Thíolaic an Dr Laurens Ankersmit nach bhfuil CETA daingnithe san Ísiltír go fóill agus go bhfuil freasúra suntasach polaitiúil fós sa tír i gcoinne CETA. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, luaigh Pia Eberhardt go bhfuil easpa tacaíochta i leith CETA laistigh de Sheanad na Fraince, agus i measc Chomhaontas Glas na Gearmáine, páirtí is dócha a bheadh mar chuid den chéad Rialtas Cónaidhme eile, dar le Eberhardt. Rinne an Tánaiste tagairt dó go bhfuil sé daingnithe ag Tionól Náisiúnta na Fraince (teach íochtarach na tíre) agus freisin ag teacht íochtarach na hÍsiltíre.

6. Córas na Cúirte Infheistíochta

Sampla de réiteach díospóide idir infheisteoirí agus an stát is ea Córas na Cúirte Infheistíochta atá mar chuid de CETA, sásra lena dtugtar sásra dlíthiúil d'infheisteoirí eachtracha chun rialtais ósta a agairt i mbinsí idirnáisiúnta lasmuigh de chórais chúirte náisiúnta. Is réiteach coitianta é seo i gconarthaí déthaobhacha infheistíochta, a bhfuil nach mór 3,000 díobh ann. Tá taithí theoranta ag Éirinn ar ICS, rud a fhágann go bhfuil ceisteanna ann maidir lena riachtanaí atá sé laistigh de CETA. Theastaigh ón gCoiste mionscrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ann d'Éirinn dá mbeadh sí faoi réir an chineáil sásra dhlíthiúil seo.

6.1 Stair agus forbairtí le déanaí

D'éist an Coiste le fianaise maidir le stair an Réitigh Díospóide idir Infheisteoirí agus an Stát (ISDS). In aighneacht i scríbhinn a chuir sé i láthair an Choiste, chuir an Dr John Reynolds a thuairim maidir le bunúis “*nuachoilínaíocha*” ISDS in iúl: “*tosaíodh conarthaí déthaobhacha infheistíochta mar choincheap nuachoilínaíoch chun rochtain chorparáidí ilnáisiúnta an Domhain Thuaidh ar acmhainní agus saothar an Domhain Theas tar éis díchoilíniú a éascú. Is é a tharla sa deireadh leis an múnla eadrána príobháidí dá bhforáladh faoi na conarthaí seo ná go ndearnadh é a ionchorprú sa dlí idirnáisiúnta ar bhealach cuibhseach neamhphleanáilte, píosa ar phíosa. Bhí ról lárnach, as an ngnách, ag cleachtóirí dlí agus eadránaithe príobháideacha tráchtála i bhforbairt an chórais sin ó thaobh comhthéacs dlíthiúil idirnáisiúnta de.*”

Thíolaic David O’Sullivan “go raibh na céadta conarthaí déthaobhacha infheistíochta idir na Ballstáit agus tríú tíortha. Beartaíodh na comhaontuithe seo uile a mharthanú, ar an tuiscint go gcuirfí deireadh leo de réir a chéile, de réir mar a thiocfadh comhaontuithe AE ina n-áit. Chuige sin, bhí ar an gCoimisiún caibidlí infheistíochta lena ndeonaítear do na Ballstáit cosaint atá ar coibhéis leis an gcosaint atá i réim faoi na conarthaí déthaobhacha a chaibidliú. Áiríodh leis sin, go háirithe, córas réitigh díospóide idir infheisteoirí agus an stát (ISDS) a dearadh chun infheisteoirí Eorpacha a chosaint ar chóir threallach nó idirdhealaitheach a chuirfeadh rialtais ósta ar a gcuid infheistíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach trí chóras eadrána neamhspleáiche.”

Thug O'Sullivan dá aire go ndearna an tAontas Eorpach iarracht, mar fhreagra ar an gconspóid a bhí ann maidir le forálacha ISDS a beartaíodh a bhain le comhaontú na Comhpháirtíochta Trasatlantáil Trádála agus Infheistíochta (TTIP) idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, comhaontú nár cuireadh i gcrích riamh, go ndearna sé iarracht ISDS a athchóiriú agus aistriú ó na painéil *ad-hoc* eadrána go próiseas a bheadh níos gaire do phróiseas cúirte. Chuige sin, ba é Ceanada an chéad tír a chuaigh i gcomhpháirtíocht leis an Aontas agus, leis sin, cuireadh na forálacha maidir le Córas na Cúirte Infheistíochta (ICS) faoi CETA ar bun. Feictear ar ICS mar “*céim chun tosaigh*” i dtreo cúirt iltaobhach infheistíochta, agus, le CETA, meastar go bhféadfadh múnla a fheidhmíonn i gceart a chur ar fáil do chomhpháirtithe trádála eile maidir le conas a d'fhéadfadh córas den sórt sin feidhmiú. Thíolaic Philip Lee fianaise don Choiste ina ndéantar tagairt do thuarascáil a chuir De Zayas le chéile in 2015 agus a cuireadh i láthair na Comhairle um Chearta an Duine, ina shonraigh sé: “*go dtéann Comhaontú CETA níos faide ná na feabhsuithe a sainaithníodh sa pháipéir sin. Gabhann Ionstraim Chomhphárteach Léirmhíniúcháin arna síniú ag an Aontas Eorpach agus ag Ceanada le cáipéisíocht CETA. Tá an Ionstraim Chomhphárteach Léirmhíniúcháin seo ceangailteach ó thaobh dlí agus tá sé mar aidhm aici tuilleadh soiléirithe, ar bhealach soiléir agus gan débhrí, a dhéanamh ar an méid a chomhaontaigh Ceanada agus an tAontas Eorpach i roinnt míreanna de chuid CETA.*”

D'éist an Coiste le raon tuairimí maidir le todhchaí ISDS. Thíolaic an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar don Choiste gur múnla atá in ICS a d'fhéadfaí macasamhail a dhéanamh de i gcomhaontuithe saorthrádála AE amach anseo, agus go bhféadfaí é sin a mhalartú, in am agus i dtráth, le cúirt a phléadh le cúrsaí trádála ar fud an domhain. Thíolaic Colin Brown go bhfuil córais atá comhchosúil le ICS i gcomhaontuithe trádála AE níos nuaí amhail na cinn siúd le Singeapór, Vítneam, Meicsiceo agus na comhaontuithe atá beartaithe leis an tSile agus an Indinéis, agus go bhfuil sé mar sprioc leis na binsí déthaobhacha sin ná go n-aistreoidís, tráth éigin, ina gcúirteanna iltaobhacha. Thug Brown dá aire go bhféadfadh múnla a bheith sa chúirt iltaobhach atá beartaithe chun nuachóiriú agus athchóiriú a dhéanamh ar 1,600 beart déthaobhach ISDS ar páirtí iontu roinnt Ballstáit AE faoi láthair agus ina gcumhdaítear forálacha ISDS.

D'easaontaigh David O'Sullivan leis an moladh go bhfuil claonadh ann i dtreo comhaontuithe trádála nach bhfuil ISDS san áireamh iontu, agus é á shonrú aige go bhfuil gach cás difriúil óna chéile, nach ndéantar comhaontú i gcónaí le páirtí lena bhfuil cosaint infheistíochta inmhianaithe, nach bhfuil caibidlí infheistíochta sna cásanna go léir, agus go bhfuil roinnt comhaontuithe ann a rinneadh sular thosaigh an tAontas Eorpach ar inniúlachtaí infheistíochta a fháil. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, rinne Pia Eberhardt tagairt don Chonradh um Chairt Fuinnimh mar shampla, agus é á shonrú aici go bhfuil iarrachtaí ar bun ag an Spáinn agus ag an bhFrainc éirí as an gConradh agus go bhfuil breithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach éirí as an gConradh murar féidir é a leasú le go mbeadh sé ag teacht le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. Bíodh is nach bhfuil na bearta maidir le cosaint infheistíochtaí de chuid an chomhaontuithe trádála nua idir na Stáit Aontaithe, Meicsiceo agus Ceanada sínithe ag Ceanada go fóill, tá sé sonraithe ag Rupert Schlegelmilch agus ag Colin Brown go bhfuil ISDS fós idir na Stáit Aontaithe agus Meicsiceo agus go gcosnaítear infheistíochtaí Ceanada-Mheicsiceo faoi chomhaontú CPTTP ar leith. Thíolaic an Dr John Reynolds fianaise i scríbhinn don Choiste ina ndéantar tagairt do Arcuri *et al.* a shonraigh *“go bhféadfadh go mba é an t-aon bhealach chun móiminteam a chruthú agus beart a dhéanamh ionas gurbh fhéidir comhaontuithe trádála níos forchéimnithí a chaibidlíú”* plé a athoscailt ar CETA maidir le ICS.

6.2 Difríochtaí idir ICS agus foirmeacha eile ISDS

D'éist an Coiste le fianaise maidir leis na difríochtaí idir ICS agus foirmeacha eile ISDS. Thíolaic Suzanne Drisdelle *“go gcuirtear cur chuige nuálach i leith réitigh díospóide infheistíochta agus nósanna imeachta chun díospóidí a réiteach ar bhealach cóir agus trédhearcach ar fáil”* le ICS. *“Áirítear gnéithe leis an bpróiseas amhail comhairliúchán agus idirghabháil fheabhsaithe, gnéithe nach raibh ar fáil sa leagan roimhe seo, arb é sin ISDS.”* Ar a bharr sin, thíolaic Reuben East gurb é atá i gceist le ICS *“buanchóras nua i leith chóras an bhinse um réiteach díospóide, córas atá trédhearcach, institiúidithe agus difriúil go maith ón gcóras eadrána tráchtála traidisiúnta, toisc nach n-áirítear leis a thuilleadh, mar shampla, an cumas comhaltaí ad hoc binse a bheith ann. Tá uainchlár de chomhaltaí ann arna cheapadh ag na stáit iad féin. Níl aon bhaint ag infheisteoirí leis sin, murab ionann agus an cás faoin gcóras ad hoc. Tá ceanglais*

eiticiúla fheabhsaithe mar chuid de chód dian iompair atá nuálach go leor agus a théann níos faide ná roinnt mhaith de na codanna seanfhaiseanta sa réimse sin.”

Rinne Reuben East tagairt chomh maith don cheart achomhairc dá bhforáiltear faoi chóras achomhairc ICS, agus do thrédhearcacht na bhforálacha de chuid ICS, mar shamplaí d’athchóirithe ar leaganacha ISDS a bhí ann roimhe seo.

Thíolaic Rupert Schlegelmilch don Choiste gur úsáideadh teanga dhoiléir i bhfoirmeacha ISDS a bhí ann roimhe seo a d’fhág go raibh infheisteoirí in ann cásanna a thabhairt. Dearadh ICS d’fhonn an ghné sin a leasú agus chun go mbeadh tuilleadh soiléireachta i gceist le CETA, agus léirítear ann go sonrach nach bonn leordhóthanach chun cás a thabhairt an fíric ann féin go bhféadfadh go ndéanfaí dochar do bhrabús.

In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, agus feabhsuithe nós imeachta á n-aithint aici, rinne Pia Eberhardt tagairt dá tuairim ar roinnt de na gnéithe ó fhoirmeacha ISDS eile a choimeádtar in CETA, foirmeacha a measadh a bheith conspóideach. Thíolaic Eberhardt go bhfuil níos mó cearta substainteacha agus cearta nós imeachta fós á dtabhairt d’infheisteoirí eachtrannacha de bhun ICS ná d’aon duine eile, nach bhforchuirtear in ICS freagrachtaí inchaingne ar infheisteoirí, go gcuirtear srian ar rialálaithe de dheasca na bhforálacha atá ann maidir le díshealbhú agus cóir chothrom agus chothromasach, nach bhfuil aon chreatlach soiléir ann le haghaidh beartas poiblí, gur dócha go mbeadh cúiteamh ar mhéideanna níos airde ná mar atá i gceist le dlí intíre nó dlí AE de thoradh air, go bhfuil claonadh i dtreo infheisteoirí mar chuid den bhinse, agus go bhféadfaí éilimh a thabhairt chomh dhéanach le 20 bliain tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe. Chomh maith leis sin, chuir an Dr Kyla Tienhaara in iúl in aighneacht i scríbhinn go bhfuil sí den tuairim nach leor na feabhsuithe nós imeachta faoi ICS chun cosc a chur le teacht chun cinn ábhair imní faoi CETA atá comhchosúil leo siúd arna dteacht chun cinn faoi fhoirmeacha eile ISDS. Rinne an Dr Tienhaara tagairt do chás Westmoreland Coal in aghaidh Cheanada, agus é á lua aici go bhfuil na forálacha faoina bhfuil an cás á thabhairt ag Westmoreland Coal *“mar an gcéanna, go substaintiúil”* leo siúd a aimsítear in CETA.

6.3 Rochtain ar Chóras na Cúirte Infheistíochta

Thíolaic an Dr Laurens Ankersmit don Choiste go bhfuil ICS ar oscailt d'infheisteoirí eachtrannacha amháin, agus nach bhfuil ann d'aon fhoráil le haghaidh frithéileamh nó le haghaidh éileamh arna dtabhairt ag pobail áitiúla in aghaidh infheisteoirí faoi ICS. Thíolaic IBEC fianaise i scríbhinn, áfach, ina luaitear cé nach bhféadfadh páirtithe dá ndéantar difear, amhail pobail áitiúla nó ceardchumann, éilimh a thabhairt, go bhféadfaidís cur le himeachtaí trí fhorálacha *amicus curiae*¹.

Ó thaobh na saincheiste de cé acu an mbainfidh FBManna sochar as rochtain ar ICS nó nach mbainfidh, thíolaic an Dr Ankersmit go bhfuil “*dornán gnólachtaí dlí in Washington, i Londain agus i bPáras atá i gceannas ar dhlí infheistíochta. Baineann siad leas as sin mar ionstraim chun leasanna a gcuid cliant a chosaint, mar atá corparáidí ilnáisiúnta. Níor cheart na gealltanais sin maidir le ICS a thairiscint do FBManna a mheas mar rud suntasach toisc, le fírinne, go bhfuil na gnólachtaí dlí sin chun leas a bhaint as chun freastal ar leasanna a gcuid cliant. Ní dóigh liom go mbeidh mórán ratha air ó thaobh cabhrú le comhrac FBManna i gcoinne rialáil an rialtais, nó i gcoinne a gcur isteach.*”. Thíolaic an Dr John Reynolds fianaise i scríbhinn ina ndéantar tagairt do staidéar le Van Harten agus Malshueski ina sonraítear gurb iad cuideachtaí móra is mó a bhain tairbhe as ISDS: ba iad na cuideachtaí arb ionann \$1 bhilliún agus a n-ioncam bliantúil agus daoine aonair ar mó ná \$100 milliún a nglanrachmas a fuair 94.5 % den chúiteamh a íocadh faoi ISDS.

Thíolaic Suzanne Drisdelle, áfach, gur cheart, le ICS, go ngearrfaí costais do FBManna trí dheireadh a chur leis an ngá atá ann dul trí 27 ndlínse ar leith agus a bhuí le hintuarthacht agus comhsheasmhacht níos fearr a bheith ann. Shonraigh an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar, go bhfuil cúrsaí níos simplí d'infheisteoirí Éireannacha i gCeanada a bhuí le ICS, agus iad in ann dul i ngleic le sásra eadrána amháin in ionad dul tríd an gcóras ilsrathach dlí atá i bhfeidhm i gCeanada. Thíolaic an Tánaiste chomh maith go bhféadfadh FBManna a iarraidh go n-éistfeadh breitheamh aonair lena gcás, rud a d'fhágfadh go mbeadh éisteacht níos saoire agus níos tapúla ann. Thug Rupert Schlegelmilch fianaise don Choiste ina

¹ “*Cara leis an gcúirt*” as Laidin. Neamh-pháirtí ag a bhfuil leas i dtoradh cáis dlí atá ar feitheamh a dhéanann cás, nó a chuireann faisnéis i láthair, ar son nó in aghaidh aon pháirtí den chás dlí

sonraítear go gceadófar le forálacha ICS rochtain níos éasca do FBManna, lena n-áirítear na héisteachtaí físchomhdhála a d'fhéadfadh a bheith ann, spriocdhátaí lena gcinnteofaí go n-éistfí go caoithiúil le cásanna, agus na forálacha “*íocfaidh an cailliúnaí*”.

6.4 Rialachas Chóras na Cúirte Infheistíochta

D'éist an Coiste le raon fianaise maidir le ceapachán breithiúna chuig ICS. Déanann Comhchoiste CETA cúig chomhalta dhéag a cheapadh chuig an mbinse, ina measc sin áirítear 5 chomhalta ón Aontas Eorpach, 5 ó Ceanada agus 5 ó thríú tíortha. Ní comhaltaí *ad hoc* a bheadh iontu a thuilleadh ach comhaltaí buana arna gceapadh ag stáit, seachas infheisteoirí, agus bheidís faoi réir caighdeáin eiticíúla fheabhsaithe faoi chód dian iompair. Déanann an dá pháirtí na comhaltaí den dá bhinse a cheapadh trí chóras uainchláir.

Thíolaic an Dr Laurens Ankersmit don Choiste go bhféadfaí go mbeadh fadhbanna ann toisc nach gcuimsítear i bpainéal na mbreithiúna ach breithiúna ó phobal an dlí infheistíochta amháin, d'ainneoin na teanga in CETA lena sonraítear gur cheart do bhreithiúna a bheith ina ndlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht.

Maidir leis an gceart achomhairc faoi ICS, thíolaic Reuben East go gcuireann binse achomhairc ICS forais an-leathan ar fáil i leith achomhairc, agus gur féidir leis an mbinse dámhachtain a urramú, modhnú a dhéanamh uirthi nó í a fhreaschur.

Shonraigh Colin Brown roinnt de na socruithe a bhaineann le maoirseacht cásanna trí ICS. Thíolaic Brown go mbeadh Ceanada agus an tAontas Eorpach ina bpáirtithe i ngach aon chás, agus dá mba rud é go mbeadh Éire bainteach le haon chás, go mbeadh sí ina páirtí ann chomh maith. I dtaca leis sin, d'áiteodh na rialtais an chaoi a bhfuil a ngníomhaíochtaí i gcomhréir lena bhfuil ceadaithe faoi CETA, agus thabharfadh an binse aire air sin ina gcuid cinntí. Chuir Brown a thuairim in iúl chomh maith maidir leis an sásra lena gceadaítear do pháirtithe in CETA léirmhínthe ceangailteacha a bheidh ina gceangal ar an mbinse a chomhaontú.

Is infhorfheidhmithe faoi choinbhinsiún an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochtaí a Shocrú (ICSID) iad cinntí ICS agus d'fhéadfaidís iad a fhorfheidhmiú áit ar bith ar domhan.

6.5 Ceart chun rialaithe an Stáit i gcoinne Éifeacht Athchomhairleach Rialála

D'éist an Coiste le raon tuairimí maidir le tionchair ICS ar cheart an Stáit chun rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

Chuir roinnt de na finnétithe agus de na geallsealbhóirí na cosaintí arna leagan amach in CETA maidir leis an gceart chun rialaithe in iúl. Thíolaic David O'Sullivan go gciallódh sé go ndearna stáit a gcásanna a chosaint go maith, beag ná mór, dá mba rud é go bhféadfaidís a chur in iúl nach raibh aon chóir éagórach i gceist, go gcuimsítear in CETA teanga an-láidir lena gcosnaítear an ceart chun rialaithe, agus nach bonn leordhóthanach chun éileamh a dhéanamh faoi CETA an chailliúint brabúis inti féin. Thíolaic Reuben East *“nach bhféadfadh binsí ICS cinntí nó dlíthe arna ndéanamh ag an rialtas a aisiompú. Ní fhéadfadh binse dlí intíre aon pháirtí a bhreithniú ach amháin mar cheist fíoraí agus ní mór dó an léirmhíniú atá i réim, arna thabhairt ag cúirteanna náisiúnta ar an dlí intíre, a leanúint, lena n-áirítear cúirteanna na hÉireann.”*.

Seo mar a labhair Suzanne Drisdelle, agus é á shonrú aici go bhfuil na gealltanais arna dtabhairt in CETA ar ardchaighdeán rialála: *“Is comhaontú cuimsitheach agus uileghabhálach atá ann ina bhfuil ardchaighdeán do thomhaltóirí agus d'oibrithe agus ina ndéantar ardleibhéil cosanta saothair agus cosanta comhshaoil a urramú, ardleibhéil a bhfuil ár gcuid saoránach ag súil leo. Le CETA, caomhnaítear cumas na hÉireann agus cumas Cheanada a ndlíthe agus a rialacháin féin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas an phobail, amhail cosaint don tsláinte phoiblí, an comhshaol agus cearta saothair. Tacaíonn sé le hidirphlé agus comhar a choinneáil ar bun maidir leis na hábhair sin trí ghrúpaí comhairleacha éagsúla agus trí fhóram na sochaí sibhialta a eagraítear go bliantúil.”*. Ar a bharr sin, shonraigh Drisdelle na cosaintí ar an gceart chun rialaithe: *“tá gnéithe an-sonrach ann nach féidir méar a leagan orthu, gnéithe a bhfuil an ceart chun rialaithe orthu ag an mBallstát nó ag Éirinn ina chríoch nó ina críoch féin. Áirítear leis sin gnéithe amhail an tsláinte phoiblí,*

sábháilteacht, an comhshaol, an aeráid agus saothar. Is gnéithe iad sin atá lasmuigh den réimse a mheasfaí mar incháilithe le haghaidh díospóireachta nó éilimh laistigh de ICS.”. Thíolaic IBEC fianaise i scríbhinn don Choiste lena sonraítear go bhfuil na gealltanais faoi CETA ar ardchaighdeán: “Tá roinnt de na gealltanais is láidre dá raibh riamh i gcomhaontú trádála san áireamh in CETA chun cearta saothair agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Sa chaibidil ‘Trádáil agus Saothar’ in CETA, aithnítear cumas an Aontais Eorpaigh agus cumas Cheanada a gcuid tosaíochtaí saothair agus a leibhéil chosanta féin a leagan síos, agus ardleibhéil chosanta á spreagadh acu. Leis an gcaibidil seo, cuirtear cosc ar Cheanada agus ar an Aontas araon a gcuid dlíthe saothair a tharscaoileadh nó a thairiscint iad a scaoileadh mar mhodh chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh. Ina theannta sin, cuireann sí ceangal ar Cheanada agus ar an Aontas a áirithiú go bhforchuirfidís a gcuid dlíthe saothair agus caighdeán chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.”. Thíolaic Philip Lee fianaise i scríbhinn don Choiste ina sonraítear go “neartaítear na cosaintí sin leis an Ionstraim Chomhpháirteach Léirmhíniúcháin, ionstraim lena gcuirtear béim air go gcaomhnaítear faoi CETA chumas an Aontais Eorpaigh, a Bhallstát agus Cheanada a gcuid dlíthe féin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, beag beann ar cibé an ndéanfaí dochar diúltach d’infheistíocht nó d’ionchais an infheisteora maidir le brabúis mar gheall air sin.”.

Thíolaic Reuben East gur dearadh ICS mar fhreagra ar imní a bhí ann maidir le foirmeacha ISDS a bhí ann roimhe seo agus go bhfuil teanga shoiléir ann maidir leis an gceart chun rialaithe, lena n-áirítear treoracha le haghaidh an bhinse maidir le conas an Comhaontú a léirmhíniú. Rinne East tagairt chomh maith do na cosaintí ar éilimh shuaibhreosacha faoi ICS, trí éilimh den sórt sin a dhíbhe roimh na chéad éisteachta, agus cumas na bpáirtí in CETA léirmhínithe comhpháirteacha a eisiúint. Thíolaic East chomh maith go leagtar amach in CETA ar bhealach níos mionsonraithe ná mar a leagadh amach i bhfoirmeacha ISDS a bhí ann roimhe seo cad is “cóir chothrom agus chothromasach” ann agus ceadaítear do na páirtithe in CETA forbairtí i ndlí idirnáisiúnta an ghnáis a aithint. Thíolaic Philip Lee “go mbeidh d’éifeacht” ag na forálacha in ICS lena gcosnaítear i gcoinne éileamh suaibhreosach “deireadh a chur le héifeacht athchomhairleach na gcineálacha díospóidí a bhfuiltear go mór in amhras fúthu, díospóidí arna dtionscnamh ag cuideachtaí idirnáisiúnta tobac.”

Shonraigh an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar na teorainneacha a bhaineann le ICS. Thug an Tánaiste dá aire go mbaineann ICS le sásamh amháin agus nach bhféadfadh sé dlí na hÉireann a aisiompú, iachall a chur ar rialtas a chuid dlíthe a athrú, nó cúirteanna nó reachtas intíre a shárú. Maidir leis na cearta arna dtabhairt d'infheisteoirí faoi CETA, thíolaic an Tánaiste nach gciallaíonn siad sin go mbeadh Éire faoi réir imeachtaí ICS agus nach mbeadh éifeacht athchomhairleach rialála ann de dheasca comhaontuithe trádála, agus é á thabhairt dá aire aige go ndeachaigh leathadh comhaontuithe trádála le blianta beaga anuas bonn ar bhonn le leathadh cánacha, cosaintí agus rialachán nua.

Thíolaic roinnt finnéithe agus geallsealbhóirí, áfach, d'ainneoin an chirt chun rialaithe faoi CETA, go bhfuil riosca go mbeadh “éifeacht athchomhairleach rialála” ann, trína gcuirfí srian le toilteanas nó cumas an Stáit rialáil a dhéanamh mar gheall ar bhagairt dlíthíochta nó dámhachtainí costasacha. Thíolaic an Dr Oisin Suttle don Choiste “*go bhféadfadh nach stopfaí Éire ó ghníomhú chun beartas ar leith a shaothrú leis an gComhaontú, ach go bhforchuirtear teorainneacha leis maidir lenar féidir linn a dhéanamh agus conas ar féidir linn é a dhéanamh, agus cásanna dlí dar luach na billiúin euro iad ag bagairt orainn má théimid ar strae. Ar na beartais nó na tograí feiceálacha a d'fhéadfaí agóid a dhéanamh ina gcoinne faoi rialacha den sórt céanna, áirítear ráthaíocht bhainc na bliana 2008, na hathchóirithe atá beartaithe i leith mhargadh cíosa na tithíochta agus, i gcoitinne, iarrachtaí chun an geilleagar agus an ghiniúint cumhachta a dhícharbónú. Is iad sin an cineál beart a fheicimid a bhfuil agóid á déanamh ina gcoinne i dtíortha eile.*”. Ar a bharr sin, thíolaic an Dr Suttle, cé go bhfuil sé deacair a bheith ar an eolas faoi na cúiseanna beachta a bhfuil beartais shonracha deartha chun bheith an-sábháilte ar fad, is féidir go raibh samplaí in Éirinn cheana féin de bheartais a ndearnadh difear dóibh de dheasca éifeacht athchomhairleach rialála, amhail an chreatlach le haghaidh sealbhóirí ceadúnais atá ann cheana sa mhoratóir le déanaí maidir le taiscéalaíocht ola agus gáis. Thíolaic an Dr Suttle fianaise i scríbhinn chomh maith inar sonraíodh go bhféadfadh go mbeadh an léirmhíniú in ICS ar fhorálacha CETA maidir leis an gceart chun rialaithe difriúil ón léirmhíniú a beartaíodh. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, shonraigh Pia Eberhardt, cé nach bhfuil cumhachtaí chun dlíthe a aisiompú faoi CETA, go bhféadfaí go ndéanfaí difear do mhúnlú beartais ar leith mar gheall ar riosca íocaíochtaí móra

nó dlíthíochta, agus luaigh sí trácht le Toby Landau, dlíodóir infheistíochta: *“Ní theastaíonn ó stát ar bith teacht faoi réir conradh in imeacht idirnáisiúnta. Bíonn tionchar aige sin ar chaidreamh taidhleoireachta, d’fhéadfaí go mbeadh tionchar aige ar acmhainneacht creidmheasa stáit agus d’fhéadfaí go mbeadh tionchar díreach aige ar infheistíocht choigríche amach anseo a dhíspreagadh. Mar chleachtóir, is féidir liom a rá leat go bhfuil stáit ann a bhfuil comhairle ó abhcóide á lorg acu faoi láthair roimh dóibh beartais ar leith a fhógairt ionas go mbeadh a fhios acu an bhfuil baol ann go mbeadh éileamh idir infheisteoir agus stát ann.”*

Thíolaic an Dr Suttle gur srianta é an teanga a chuimsítear i bhforálacha áirithe CETA maidir leis an gceart chun rialaithe. Rinne sé tagairt don sliocht san aguisín maidir le díshealbhú indíreach agus shonraigh sé, maidir leis an teanga a chuimsítear ann, nach teanga í lena gcosnaítear an ceart chun rialaithe, ach, ina ionad sin, gur cuireadh atá i gceist léi do bhinse ICS measúnú comhréireachta a dhéanamh ar cibé an bhfuil éifeacht follasach iomarcach ag díshealbhú indíreach ar an infheisteoir. Thíolaic Eberhardt go bhféadfaí na cosaintí in CETA i gcoinne díshealbhú indíreach a léirmhíniú go leathan: *“Ó thaobh dearcaidh a bheadh fabhrach don infheisteoir de, d’fhéadfaí beagnach gach aon dlí nó rialachán a mheas mar ‘díshealbhú’ nuair a bhíonn d’éifeacht aige brabúis a laghdú.”* Ar a bharr sin, thíolaic Eberhardt, maidir leis an gceart in CETA le haghaidh cóir chothrom agus chothromasach d’infheisteoirí, go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil sé sin *“níos dainséaraí do cháiníocóirí agus do rialálaithe”* ná mar atá i gcórais ISDS eile agus go ndearna *“roinnt eadránaithe é a léirmhíniú ar bhealach a bheadh nach mór dodhéanta agus na stáit ag iarraidh é a chomhlíonadh, bealach lena gcuirfí ceangal de facto orthu cúiteamh a íoc dá n-athróidís an dlí.”* Thíolaic Eberhardt chomh maith nach bhfuil dáta deiridh leis an gcosaint a thugtar d’infheistíochtaí i mbreoslaí iontaise faoi CETA. Thíolaic an Dr John Reynolds fianaise i scríbhinn don Choiste ina gcuireann sé a thuairim in iúl nach bhfuil aon sásraí forfheidhmiúcháin sna caibidlí in CETA maidir le forbairt inbhuanaithe, saothar agus an comhshaol atá inchomparáide le ICS agus go mbraitheann siad ar chomhlíonadh saorálach. Thíolaic an Dr Reynolds chomh maith, maidir le foclaíocht fhorálacha CETA maidir leis an gceart chun rialaithe, thíolaic sé go gciallaíonn sí sin nach sárú uathfheidhmeach ar CETA é rialáil ar bheartas poiblí, *“ach, ag an am céanna, d’fhéadfadh sé gur sárú a bheadh ann, agus dá ndéanfaí binse ICS é a mheas mar*

rialáil a théann thar chóir chothrom agus chothromasach ó thaobh ionchais dhlísteanacha an infheisteora de, d'fhágfadh sé sin gur sárú a mbeadh faoi dhlíteanas an stáit a bheadh i gceist.”.

6.6 ICS agus Tionchair ar an Státchiste

Thíolaic an Dr Laurens Ankersmit go bhféadtar dámhachtainí costasacha a bheith ina ndísciú ar airgeadas poiblí, airgeadas a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cuspóirí beartais níos fiúntaí murach sin. Thug Pia Eberhardt dá haire in aighneacht i scríbhinn nach bhfuil aon uasteorainn ar íocaíochtaí faoi ICS, agus rinne sí tagairt d'íocaíochtaí faoi fhoirmeacha eile ISDS amhail dámhachtain Tethyan Copper in aghaidh na Pacastáine, arbh ionann é agus 2% d'OTI na Pacastáine agus a bhí níos mó ná tarrtháil CAI na Pacastáine. Thíolaic Eberhardt go bhféadfadh sé gur ceann de na cúiseanna le dámhachtainí a bheith chomh hard sin ná go bhféadfadh ISDS dámhachtain a dhéanamh ar bhonn na mbrabús a bhfuiltear ag súil leo amach anseo, agus, maidir leis an teanga a úsáidtear in CETA, nach gcoiscítear brabúis a bhfuiltear ag súil leo amach anseo ó bheith ina mbonn dámhachtana. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, chuir an Dr Kyla Tienhaara a tuairim in iúl go dtiocfaidh méadú ar chostas an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin de dheasca dámhachtainí costasacha arna dteacht chun cinn mar thoradh ar bheartais maidir leis an aistriú aeráide, go dtiocfaidh laghdú ar na cistí poiblí atá ar fáil lena n-úsáid le haghaidh infheistíochtaí glasa, agus rinne sí tagairt do na tuairimí atá ann go raibh *“tionchar ag néal na headrána infheistíochta ar an bpacáiste cúitimh an-mhór ar fad a thug an Ghearmáin d'infheisteoirí guail le haghaidh a plean céimnithe amach.”* Thíolaic an Dr John Reynolds fianaise i scríbhinn don Choiste inar shonraigh sé gur tháinig méadú ar ráta ar na héilimh arna ndéanamh faoi ISDS go han-tapa le deich mbliana anuas.

Thíolaic an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar nach samhlaíonn sé go mbeadh tionchair shuntasacha airgeadais ag ICS ar an Stát: *“Ní féidir measúnú a dhéanamh ar bhonn eacnaiméadrach toisc go bhfuil an iliomad athróg ann agus nach dócha in aon chor go dtarlódh sé, ach is é an measúnú a tháingamar air, agus loighic á húsáid againn, go mba ionann é agus nialas nó an-bheag toisc nach bhfuil Stát na hÉireann ná a chuid gníomhaireachtaí chun idirdhealú*

a dhéanamh i gcoinne cuideachtaí Ceanadacha agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaidís a chruthú go ndearnamar amhlaidh agus, mar sin, ní gheobhaidís aon chúiteamh le haghaidh caillteanas ar bith.”

6.7 Idirghníomhaíocht idir ICS agus na cúirteanna náisiúnta

D'éist an Coiste le raon tuairimí maidir leis an ngaol idir ICS agus na cúirteanna náisiúnta.

Thug an Dr Laurens Ankersmit fianaise don Choiste inar sonraíodh go gcuirtear ar chumas infheisteoirí eachtrannacha *“teacht timpeall ar”* chúirteanna náisiúnta agus éilimh in aghaidh an Stáit á dtabhairt acu, a bhuí sin le ICS. Thug an Dr Fennelly tuilleadh sonraí faoin bpointe sin, agus é shonrú aige nach gcuirtear cosc, le ICS, ar infheisteoirí eachtrannacha éilimh a thabhairt i gcúirteanna náisiúnta ach an oiread. Thíolaic an Dr Ankersmit chomh maith go bhféadfadh infheisteoir cibé cúirt ar mian leis a roghnú, agus go bhféadfaí *“cluiche baile”* don infheisteoir a bheith i gceist le cás ar éist ICS leis, agus go bhféadfaí dámhachtainí arna ndéanamh ag ICS a fhorfheidhmiú áit ar bith ar domhan.

Chuir David O’Sullivan in iúl go bhfuil sé den tuairim nach bhfuil baol ann go ndéanfaí cúirteanna náisiúnta a choimhthiú, agus nach ndéanfaí difear do chearta daoine sna cúirteanna sin faoi CETA. Luaigh O’Sullivan taithí na Gearmáine le ISDS, agus nach bhfeiceann an Ghearmáin aon neamhréiteach idir an mórtas atá uirthi as a córas breithiúnach agus a rannpháirtíocht san eadráin infheistíochta. Thíolaic an Dr David Fennelly don Choiste nach mbeidh na léirmhínithe ar dhlí na hÉireann nó ar dhlí AE arna ndéanamh ag ICS ina gceangal ar chúirteanna náisiúnta nó cúirteanna AE. Thíolaic Reuben East *“nach gcuirtear teorainn ar bith le dlínse chúirteanna na hÉireann le CETA toisc go sonraítear leis nach dtagann faoi raon feidhme aon bhinse ach éilimh a chinneadh a bhaineann leis na hoibleagáidí substainteacha faoin gcaibidil seo. Ní faoi raon feidhme ICS iad barúlacha a thabhairt faoi dhlíthe intíre, mar shampla, nó cinntí cúirte.”*

Ar a bharr sin, thíolaic East a riachtanaí atá na bearta in CETA maidir le cosaint infheistíochtaí: *“Mura raibh ann d’ICS nó d’aon chóras réitigh díospóidí chun na hoibleagáidí faoin gcaibidil maidir le hinfeistíocht in CETA, arb é sin caibidil 8, a*

fhorfheidhmiú, ní bheadh aon rogha ag an infheisteoir éileamh a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta toisc gur cúrsaí a bhainfeadh le dlí idirnáisiúnta a bheadh iontu.” Thíolaic East cé gur fíor nach gcoiscítear caingean arna tionscnamh ag infheisteoirí sna cúirteanna náisiúnta de dheasca ICS a bheith ann, *“is rud é sin, mar sin féin, a bhaineann de ghnáth le réimsí amhail athbhreithniú breithiúnach nó cearta caingne dá bhforáiltear cheana sa chóras náisiúnta.”*

Thíolaic an Dr Oisin Suttle nach bhfuil aon ról ag cúirteanna na hÉireann sa mhaoirseacht arna déanamh ar ICS, agus léiríonn an sampla den Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochtaí a Shocrú (ICSID) nach mbeidh ról ar bith ag cúirteanna na hÉireann seachas éifeacht a thabhairt do chinneadh ICS: *“Tugtar de chumhacht don Aire Airgeadais, rud amháin, agus an rud sin amháin, a dhéanamh: seic a scríobh”*.

6.8 Tionchair ICS ar infheistíocht isteach agus infheistíocht amach

Fuair an Coiste fianaise ó roinnt foinsí maidir le tionchair ICS ar infheistíocht isteach chun na hÉireann. Aontaíonn finnétithe, tríd is tríd, gur éirigh le hÉirinn infheistíocht choigríche a tharraingt isteach, gan gá le cosaint bhreise a thairiscint d’infheisteoirí trí ISDS. Thíolaic an Dr Oisin Suttle gur neamhchinnte é an fhianaise eacnamaíoch ar thionchair ISDS maidir le hinfeistíocht a tharraingt isteach, fiú amháin i gcás tíortha atá i mbéal forbartha. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, rinne Pia Eberhardt tagairt do staidéar arna dhéanamh ag Brada *et al.* in 2021, inar aimsíodh go bhfuil na tionchair atá ag comhaontuithe trádála ar mhéadú infheistíochta coigríche *“chomh beag sin is nach measfaí go bhfuil tionchar ar bith acu air.”*

Ghlac David O’Sullivan leis gur éirigh le hÉirinn infheistíocht choigríche a tharraingt isteach gan ISDS, ach *“dá bhféachfadh Éire air ó gach taobh mar bhall den Aontas Eorpach agus mar thír ar mhaith léi baint a bheith aici leis na cineálacha trádála agus comhaontuithe infheistíochta leis an iliomad comhpháirtithe ar fud an domhain, ba chun ár leasa féin é teacht ar bhealach iltaobhach dea-cheaptha agus dea-ullmhaithe chun dul i ngleic leis sin, seachas a bheith ag brath ar an eadráin thraidisiúnta.”* Thíolaic an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar, cé go bhféadfadh Ceanada a bheith sách muiníneach as a córas cúirteanna náisiúnta, ó

thaobh straitéis fhoriomlán trádála an Aontais de, le ICS, bunaítear fasach a d'fhéadfaí a úsáid sa chaibidlíocht le haghaidh comhaontuithe saorthrádála amach anseo.

6.9 Cásdlí

Fuair an Coiste fianaise maidir le cásdlí ábhartha, go háirithe tuairim 1/17 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le CETA. Rinne an Bheilg an tuairim a iarraidh mar chuid dá próiseas daingniúcháin. D'aimsigh an Chúirt go bhfuil *“Roinn F de Chaibidil a hOcht den Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair, 2016, comhoiriúnach do dhlí príomha an Aontais Eorpaigh.”*²

Thíolaic an Dr Oisin Suttle go bhfuil an tuairim bunaithe ar thástálacha dlíthiúla, nach léiríonn sí breithiúnas polaitiúil ar a inmhianaithe atá ICS, agus gur bheag a dhéanann sí chun inní maidir le héifeacht athchomhairleach rialála a mhaolú. Thíolaic an Dr Suttle fianaise i scríbhinn don Choiste chomh maith inar chuir sé in iúl go bhfuil sé den tuairim go bhfuil tuairim CBE maidir leis an gceart chun rialaithe *“thar a bheith dóchasach agus go bhféadfadh nach léiriú í ar an gcaoi a ndéanadh ICS an Comhaontú a léirmhíniú i ndáiríre.”*

Thíolaic Colin Brown go n-easaontaíonn sé go measúil le hanailís an Dr Suttle agus go ndearnadh na forálacha sin a mheas i dtuairim CBE, go raibh barúlacha ó líon an-mhór geallsealbhóirí inti, gur thángthas ar an gconclúid go raibh cosaintí leordhóthanacha in CETA maidir leis an gceart chun rialaithe, agus go bhféadfadh rialtais a bheith ar a suaimhneas nach mbeadh éifeacht athchomhairleach ann.

Thíolaic an Dr John Reynolds fianaise i scríbhinn don Choiste inar chuir sé in iúl go bhfuil sé den tuairim *“gur fíor i gcónaí é, ina ainneoin thuairim CBE, nach bhfuil dualgas dlíthiúil ar na Ballstáit daingniú a dhéanamh nó comhairle nó treoir maidir le Comhairle AE nó an Coimisiún a ghlacadh, agus ní thugann sí le tuiscint in aon chor go bhfuil daingniú inmhianaithe, i ndáiríre, sna Ballstáit. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar na*

² [CURIA - Doiciméid \(europa.eu\)](http://eur-lex.europa.eu/curia/doclist.do?locale=en&docid=86187)

Ballstáit ná níltear ag súil le go ndéanfaidís CETA a dhaingniú laistigh de chreat ama ar leith, ná in aon chor.”.

6.10 Taithí ar shásraí eile ISDS

Fuair an Coiste fianaise ina dtugtar raon tuairimí maidir le taithí ar shásraí eile ISDS.

Thíolaic an Dr Laurens Ankersmit don Choiste “*gurb ionann agus aon cheathrú de na díospóidí uile a thugtar os comhair chóras infheistíochta Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda, an Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (ICSID), agus díospóidí arna dtabhairt sa tionscal ola, tionscal an gháis agus an tionscal mianadóireachta. Is ionann agus 28.7% ráta rathúlachta na ndíospóidí infheistíochta sin. Is céatadán rathúlachta an-mhór ar fad é sin le haghaidh an infheisteora. Chun é sin a chur i gcomparáid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, dá ndéanfadh duine institiúidí an Aontais a agairt le haghaidh damáistí, tá seans 4.3% go n-éireodh leis an duine, rud a fhágann go bhfuil seans cúig uaire níos airde go n-éireodh le duine trí chóras ICSID.*”

Thíolaic an Dr Oisin Suttle go bhfuil sé deacair éilimh arna dtabhairt faoi ISDS a chainníochtú toisc go bhfuil siad sin faoi rún, ach go bhfuiltear ar an eolas faoi 1,000 díobh, gurb ionann agus \$250 milliún an mheándámhachtain a bhronntar, agus go bhfuiltear ar an eolas faoi 14 dhámhachtain dar luach os cionn \$1 bhilliún.

Thíolaic an Dr Suttle gur féidir go raibh éifeacht athchomhairleach ann de dheasca an Chonartha um Chairt Fuinnimh. Rinne sé tagairt don Iodáil, mar shampla, a agraíodh toisc nár chuir an tír díolúintí ar fáil do shealbhóirí ceadúnais a bhí ann cheana nuair a thug sí moratóir isteach ar thaiscéalaíocht ola agus gáis, agus shonraigh sé gur chuir Éire díolúine den sórt sin san áireamh agus a moratóir féin á thabhairt isteach aici dhá bhliain i ndiaidh na hIodáile. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, rinne Pia Eberhardt tagairt don chás idir Vattenfall agus an Ghearmáin a tugadh faoin gConradh um Chairt Fuinnimh, agus tagairt á déanamh aici d’oifigeach Gearmánach a d’aithin gur tugadh lamháltais do Vattenfall d’fhonn rialú binse dar luach €1.4 bhilliún a sheachaint. In aighneacht i scríbhinn a chuir sí i láthair an Choiste, rinne an Dr Kyla Tienhaara tagairt do chásanna faoin gConradh um Chairt Fuinnimh ina raibh íocaíochtaí €1 mhilliún agus níos airde á lorg ag cuideachtaí fuinnimh ón Ísiltír de dheasca an dlí arna thabhairt isteach inti maidir le gual a chéimniú amach, in ainneoin

dhíluachálacha a ngléasraí agus nádúr neamhiomaíoch cumhachta guail roimh thabhairt isteach an dlí nua.

In aighneachtaí i scríbhinn a chuir siad i láthair an Choiste, rinne an Dr Suttle agus Eberhardt tagairt don sampla ina ndearna tíortha, an Nua-Shéalainn san áireamh, tabhairt isteach bearta maidir le pacáistíocht phléineáilte don tobac a chur siar go dtí gur thángthas ar cinneadh sa chás idir Philip Morris agus an Astráil.

6.11 Múnlaí malartacha ISDS

I dtéarmaí mhúnlaí malartacha ISDS, rinne an Dr Laurens Ankersmit tagairt don Afraic Theas mar shampla, ina bhfuil dlí náisiúnta rite acu lena ndéantar cearta chun neamh-idirdhealú a dheonú d'infheisteoirí eachtrannacha. In aighneacht i scríbhinn a chuir sé i láthair an Choiste, chuir an Dr John Reynolds in iúl go bhfuil sé den tuairim gur asluiteach is ea ISDS i measc sásraí idirnáisiúnta dlí agus go bhfuil eadráin ó stát go stát níos coitianta i gcomhaontuithe trádála, lena n-áirítear sna caibidlí in CETA maidir le trádáil agus sna caibidlí maidir le hinfheistíocht i gcomhaontuithe trádála AE a thángthas orthu le déanaí leis an tSín agus an tSeapáin. Thíolaic an Dr Reynolds go mbeidh eadráin ó stát go stát dírithe feasta ar chomhlíonadh a chur chun cinn, seachas ar dhámhachtainí le haghaidh sárú de réir mar a rinneadh roimhe seo, agus mar sin, is lú an baol a bhaineann leo go mbeadh éifeacht athchomhairleach rialála ann.

7. Tionchar CETA ar Bheartais Eacnamaíocha agus Beartais Intíre na hÉireann

Mar gheilleagar beag oscailte, tacaíonn Éire leis an trádáil idirnáisiúnta. Tairbhímid de chreat trádála a fheidhmíonn go maith agus a bhfuil beartais lena gcuirtear poist chun cinn agus lena dtugtar deiseanna d'Éirinn gnóthais atá dírithe ar onnmhairiú a bhunú i margaí nua mar bhonn leis. Bhí tionchar ag CETA ar ár ngeilleagar a bhuí sin leis an méadú suntasach a tháinig ar thrádáil dhéthaobhach de thoradh taraifí arna ndíchur, a bheag nó a mhór. Gné thábhachtach den ghrinnschrúdú arna dhéanamh ag Ceanada ar CETA ba ea scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na tionchair, lena n-áirítear an tionchar ar FBManna agus cruthú post.

7.1 Na Tionchair Eacnamaíochta a bhaineann le Cur i bhFeidhm Sealadach CETA

Fuair an Coiste fianaise ó roinnt foinsí maidir le tionchair CETA agus maidir le trádáil i gcoitinne i ngeilleagar na hÉireann. Thíolaic an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar don Choiste an tábhacht a bhaineann leis an trádáil i gcoitinne do gheilleagar na hÉireann. Shonraigh sé nach bhfuil acmhainní nádúrtha suntasach in Éirinn agus nach mbaineann oidhreacht stairiúil léi ó thaobh forbairt trí choilíniú de, agus gur éirigh le hÉirinn na caighdeáin mhaireachtála a ardú agus poist a chruthú a bhuí le samhail eacnamaíoch atá bunaithe ar thrádáil. Thíolaic an Tánaiste chomh maith tionchair CETA ar an Státchiste agus tagairt á déanamh aige do staidéar arna dhéanamh ag Copenhagen Economics agus arna choimisiúnú ag a Roinn inar sonraíodh gurb ionann CETA agus 0.2% d'OTI, rud a fhágann go bhféadfaí suas le €200 milliún a chur leis an Státchiste a bhuí leis.

Thíolaic David O'Sullivan “ó thaobh na hÉireann de, gur tháinig méadú suntasach ar thrádáil dhéthaobhach a bhuí sin le díchur iomlán a bheag nó a mhór, taraifí. B'ionann agus €59 mbilliún an trádáil earraí inti féin idir Ceanada agus an tAontas in 2019. Shroich trádáil earraí na hÉireann le Ceanada €2 bhilliún in 2019, arb é sin méadú 37% i gcomparáid le trádáil sular tugadh CETA isteach. Tá comhardú dearfach na trádála ag Éirinn le Ceanada dar luach nach mór €1 bhilliún, agus earraí eadhon ceimiceáin, earraí cógaisíochta agus earraí agraibhia, go háirithe deochanna, á

dtádáil eatarthu den chuid is mó. Tá méadú 17% tagtha ar onnmhairí seirbhísí dar luach nach mór €2 mhilliún.”. Thíolaic Chris Collenette don Choiste an fhostaíocht a dtacaítear léi trí chuideachtaí Éireannacha a bheith ag onnmhairiú chuig Ceanada, agus é á shonrú aige go n-onnmhairíonn 600 cuideachta Éireannach chuig Ceanada, rud a fhágann go dtacaíonn siad le 25,000 post in Éirinn. Chuir Collenette in iúl go bhfuil sé den tuairim gur dea-chomhaontú é CETA d’Éirinn agus, dá ndéanfaí é a dhaingniú go hiomlán, go gcinnteofaí go gcoinneofaí na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm sealadach: “Thairbhíh Éire de bharrachas trádála dar luach €1.7 mhilliún le Ceanada i rith na bliana seo caite, gan trácht ar bhlianta eile, agus earraí Éireannacha dar luach €2.1 bhilliún á n-onnmhairiú chuig an tír. Agus comhaontú sealadach ann ina bhfuil comhpháirtí amháin ag gnóthú €1.7 mhilliún sa bhreis ar a bhfuil á ghnóthú ag an gcomhpháirtí eile, is cinnte go ndéanfaidh an duine gnó sin, cibé an duine Éireannach nó Ceanadach atá i gceist, an comhaontú sin a chur ar bhonn foirmiúil.”. Thíolaic IBEC fianaise i scríbhinn don Choiste ina gcuirtear fás ar thrádáil idir Éire agus Ceanada tar éis chur i bhfeidhm sealadach CETA i gcomparáid leis an bhfás a tháinig uirthi roimhe: “Nuair a dhéanaimid na tréimhsí 2003-2010 agus 2010-2019 a chur i gcomparáid a chéile, feicimid gur tháinig fás bliantúil 8% ar onnmhairí na hÉireann chuig Ceanada sa dara tréimhse (Copenhagen Economics, Márta 2021). In 2020, ba é Ceanada an 6ú comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag Éirinn ó thaobh trádáil earraí lasmuigh den Aontas Eorpach de, agus ba mhó ná €2 bhilliún an barrachas trádála a bhí ag Éirinn le Ceanada in 2019. Táthar ag tuar go mbeidh onnmhairí na hÉireann chuig Ceanada 31% níos airde ná leibhéal na bonnlíne faoi 2030 a bhuí le FTA, fad is go bhfuiltear ag tuar go mbeidh onnmhairí Ceanada chuig Éirinn 84% níos airde i gcoibhneas le leibhéal íseal an onnmhairiúcháin atá ann faoi láthair, agus é ag EUR 1.1 bhilliún (Copenhagen Economics, Márta 2021).”.

Thíolaic Fiontraíocht Éireann fianaise i scríbhinn don Choiste inar sonraíodh na buntáistí atá ann do chuideachtaí Éireannacha a onnmhairíonn chuig Ceanada faoi CETA. Tugadh sonraí san aighneacht maidir leis na buntáistí, lenar áiríodh pacáiste chuimsitheach um tharaifí a laghdú, aistrithe níos éasca foirne agus gairmithe, aitheantas frithpháirteach comhaontuithe amhail in International Education Services agus sna cáilíochtaí gairmiúla san ailtireacht, comhordú deimhniúcháin i réimsí amhail

earraí leictreacha, rochtain ar thairiscintí Ceanadacha agus ar mhargadh soláthair phoiblí Cheanada a mbaineann luach leis.

7.2 Tionchair ar na hEarnálacha

Rinneadh difear d'earnálacha éagsúla i ngeilleagar na hÉireann mar thoradh ar chur i bhfeidhm sealadach CETA. Thíolaic Suzanne Drisdelle don Choiste na tionchair ar agraibhia, agus méadú 700% á shonrú aici ar onnmhairí mhairteoil na hÉireann chuig Ceanada agus méadú 400% ar onnmhairí cháis na hÉireann.

Rinne Suzanne Drisdelle tagairt chomh maith do thionchair CETA ar onnmhairí dheochanna na hÉireann. A bhuí le CETA, bhí uisce beatha na hÉireann in ann fadhbanna maidir le praghsáil a réiteach agus cuirtear praghas níos iomaíche air anois i margadh Cheanada. Ar a bharr sin, thíolaic IBEC fianaise i scríbhinn inar sonraíodh go bhfacthas laghdú taraife 42% d'uisce beatha na hÉireann in Ontario agus 16.4% in Québec. Thíolaic Drisdelle chomh maith tionchair CETA ar licéar uachtair na hÉireann a thairbhígh den stádas ar a thásc geografach, agus gur oibrigh Ambasáid Cheanada le táirgeoirí Éireannacha chun cuidiú leo tásca geografacha faoi chosaint a éileamh i gCeanada. Thíolaic IBEC gur thairbhígh fíonta agus biotáillí de bhacainní neamhtharaifí, lena n-áirítear an ceanglas biotáillí a onnmhairíodh ar an mórchoir a mheascadh le táirgí áitiúla, a d'fhág roimhe seo nach raibh biotáillí na hÉireann in ann tasc geografach a éileamh. Thíolaic IBEC gur tháinig méadú 44% ar dhíolachán uisce beatha na hÉireann ó cuireadh CETA i bhfeidhm go sealadach.

Baineann tionchair eile ar na hearnálacha le honnmhairí Éireannacha ceimiceán agus plaisteach a thairbhígh de dhíchur taraife, le táirgí cógaisíochta a thairbhígh de chosaint phaitinne dhá bhliana, agus le ceart achomhairc faoi chóras Cheanada le haghaidh nascáil phaitinne. Sonraíodh san aighneacht le IBEC na deiseanna a cruthaíodh faoi CETA do ghairmithe cruthaitheacha: *“Déanfaidh Ceanada beart sa bhreis chun a chuid taighde agus cruthaitheacht a chosaint – ar a dtugtar ‘maoin intleachtúil na tíre’ chomh maith – trí (i) a chuid rialacha a ailíniú le rialacha an Aontais i réimsí eadhon paitinní, dearáí agus cóipcheart agus trí (ii) na rialacha sin a fhorfheidhmiú ar bhealach níos láidre. Gníomhóidh Ceanada chomh maith chun a sheiceálacha teorann a neartú d’fhonn earraí bréagacha (góchumtha) nó bradacha a chomhrac.”*

Rinne IBEC tagairt chomh maith do rochtain fheabhsaithe ar thrádáil seirbhísí, agus tagairt á déanamh aige do staidéar arna dhéanamh ag Copenhagen Economics lena sonraítear *“gurb ionann agus nach mór leath d’onnmhairí na hÉireann chuig Ceanada agus seirbhísí gnó agus TFC. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh CETA méadú beagán níos mó ná 7 faoin gcéad a chur ar na honnmhairí sin, i gcoibhneas le leibhéal 2030 na bonnlíne, a d’fhágfadh go mbeadh tionchar suntasach ann de dheasca mhéid na n-onnmhairí chuig Ceanada san earnáil seo (Copenhagen Economics, Márta 2021).”*.

Thíolaic Fiontraíocht Éireann fianaise i scríbhinn don Choiste inar sonraíodh roinnt cás-staidéar arna ndéanamh ar chuideachtaí Éireannacha ar éirigh leo teacht ar mhargadh Cheanada i gcomhthéacs CETA. Rinne sí tagairt do shamplaí inar tháinig méadú ar dhíolacháin cuideachtaí a bhúí le laghduithe ar tharaifí, agus é á shonrú aici gur *“gné thábhachtach í CETA maidir le leas nua sa dearadh Éireannach a fhorbairt i measc ceannaitheoirí miondíola i gCeanada.”* Rinne sí tagairt freisin do chuideachtaí Éireannacha a thairbhígh de rochtain ar thairiscintí.

7.3 Tionchair ar FBManna

Thíolaic Suzanne Drisdelle don Choiste an tábhacht ar leith a bhaineann le CETA do FBManna: *“Is iad FBManna formhór mór na n-onnmhairithe Ceanadach agus Éireannach agus is orthu siúd a bhfuil na bacainní is mó ar thrádáil idirnáisiúnta. Ón am a chaith mé ag obair le cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta mé féin, is maith atá a fhios agam go bhfuil sé an-scanrúil tosú amach ar an mbonn domhanda. Ní gnách go mbíonn na hacmhainní ag cuideachtaí beaga taighde margaidh a dhéanamh ná bun agus barr a dhéanamh de nithe amhail rialacháin custam agus pleanáil gnó. Táim cinnte de go bhfuil go leor cuideachtaí Éireannacha ann a mbeadh blaiseadh faighte acu de sin. Is cosúil gurb iad FBManna is mó a bhainfeadh leas as díchur taraife CETA, as na rialacha soiléire le haghaidh onnmhairí earraí agus seirbhísí atá ann agus na nósanna imeachta níos simplí le haghaidh custaim.”*.

In aighneacht i scríbhinn a chuir sé i láthair an Choiste, shonraigh IBEC *“gurb iad FBManna is mó a d’fhéadfadh a bheith ina dtairbhíthe de CETA, idir dhíchur taraifí agus rialacha soiléire le haghaidh onnmhairí earraí agus seirbhísí. Is ionann agus 79*

faoin gcéad an sciar de chuideachtaí AE a onnmhairíonn chuig Ceanada atá ina bhfiontair bheaga agus mheánmhéide. (Eurostat 2013).".

Thíolaic Rupert Shlegelmilch go rachaidh roinnt de na bearta neamhtharaife in CETA, amhail aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí, chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus do ghairmithe neamhspleácha, agus tagairt á déanamh aige don chomhaontú a rinneadh le déanaí faoi fhorálacha CETA lena gceadófar d'aitirí a bhfuil cáilíochtaí AE acu cleachtadh i gCeanada.

7.4 Tionchair ar Thrádáil agus Caidreamh idir Éire agus Ceanada

Agus oidhreacht Éireannach ag 14% de mhuintir Cheanada, is léir go bhfuil caidreamh láidir idir Éire agus Ceanada. Tíolacadh don Choiste a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh tíortha cóimheonacha, amhail Ceanada agus Éire, as lámha a chéile chun cur chuige comhchoiteann a aimsiú le haghaidh saincheisteanna domhanda eadhon an t-athrú aeráide, an t-iltaobhachas, agus téarnamh eacnamaíoch ón bpaindéim. Thíolaic Fiontraíocht Éireann fianaise i scríbhinn don Choiste inar sonraíodh forléargas ar a láithreacht i gCeanada, agus é á shonrú aici gur oscail sí a céad oifig in Toronto in 2006 agus go ndearna sí a láithreacht sa tír a leathnú le déanaí. Shonraigh sí chomh maith go ndearna os cionn 500 cliant-chuideachta de chuid Fiontraíocht Éireann gnó i margadh Cheanada i gcaitheamh na dtrí bliana deireanaí, agus na gnéithe taobh thiar den leathnú á sonrú aici, lena n-áirítear freagra Fhiontraíocht Éireann ar Brexit agus an straitéis níos leithne dá cuid i ndáil le héagsúlú an mhargaidh. Thíolaic Comhlachas Gnó na hÉireann-Cheanada fianaise i scríbhinn inar sonraíodh chomh maith na consalachtaí Éireannacha arna n-oscailt in Vancouver agus Toronto.

Tugadh le fios san fhianaise i scríbhinn arna tíolacadh ag IBEC go mbeadh níos mó cearta ag saoránaigh AE cónaí a bheith orthu i gCeanada agus oibriú ann: *"Áirítear leis an rochtain níos mó sin ceadanna oibre agus léirscaoileadh suntasach le haghaidh soláthar sealadach seirbhísí dlí, cuntasáíochta agus ailtireachta, i measc seirbhísí eile, mar aon le creatlach a chur ar fáil don Aontas agus do Cheanada chun cáilíochtaí a chéile i ngairmeacha rialáilte a aithint. Tá roinnt coinníollacha maidir le saoránacht agus cónaitheacht bainte ag Ceanada, mar shampla, a d'fhágfadh go mbeadh sé níos*

éasca do ghairmithe arb as Éirinn dóibh, amhail dlíodóirí agus innealtóirí, cleachtadh i gCeanada.”.

Thíolaic an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar na naisc eacnamaíocha idir Éire agus Ceanada, agus é á shonrú aige gurb é Ceanada an margadh onnmhairíochta dúchasach is mó atá ag Éirinn lasmuigh den Eoraip, de na Stáit Aontaithe agus den tSín, agus go ndéanann 400 cliant-chuideachta Fhiontraíocht Éireannach gnó i gCeanada.

7.5 Infheistíochtaí Ceanada in Éirinn

Fuair an Coiste fianaise ar na tionchair a bhaineann le cur i bhfeidhm sealadach CETA ar infheistíochtaí Ceanada in Éirinn. Thíolaic Suzanne Drisdelle *“go bhfuil 75 chuideachta Ceanadacha a d’oscail oifig in Éirinn nó a rinne infheistíocht inti, rud a d’fhág go bhfuil 15,000 post cruthaithe go nuige seo.”* Ar a bharr sin, thíolaic Chris Collenette go dtacaíonn an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) le 7,000 de na 15,000 post sin agus *“maidir le gach deich bpost arna gcruthú ag cliant-chuideachtaí de chuid GFT na hÉireann, go gcruthaítear suas le hocht gcinn eile sa gheilleagar i gcoitinne agus, i bhfianaise an mhéid sin mar sin, d’fhéadfadh sé go bhfuil an 7,000 post sin ag tacú le 5,600 post eile, rud a d’fhágfadh gurbh ionann agus thart ar 20,000 líon iomlán na bpost infheistíochta isteach.”.*

Chonacthas tionchair réigiúnacha infheistíocht Ceanada in Éirinn chomh maith i gcontaetha eadhon Gaillimh, Laois, Luimneach agus Maigh Eo.

Aguisín 1: Téarmaí Tagartha den Choiste

- | | |
|---|--|
| <p>1 Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha, ar a mbeidh 9 gcomhalta de Dháil Éireann, chun breithniú a dhéanamh ar cibé nithe a éiríonn—</p> <p>(a) as ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, agus</p> <p>(b) as Éirinn do chloí leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,</p> <p>a roghnóidh sé agus nach bhfuil tarchurtha chuig aon Choiste eile.</p> | <p>1 That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on European Union Affairs, consisting of 9 members of Dáil Éireann, be appointed to consider such matters arising from—</p> <p>(a) Suíomh gréasáin oifigiúil an Aontais Eorpaigh</p> <p>(b) I gcomhréir le hAirteagail 6 de Phrótacal Uimh. 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a chur i bhfeidhm) arna gcur chun feidhme le halt 7(3) d'Acht an Aontais Eorpaigh, 2009, tá sé de chumhacht ag an gCoiste-</p> <p>as it may select and which are not referred to any other Committee.</p> |
| <p>2 Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), breithneoidh an Roghchoiste—</p> <p>(a) cibé Billí a bpléann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Roinn Cosanta leis an dlí reachtach ina leith,</p> <p>(b) cibé tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 220, agus</p> | <p>2 (3) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), déanfaidh an Roghchoiste breithniú, i leith na Roinne nó na Ranna iomchuí, ar cibé—</p> <p>(a) Leanann an coiste obair na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus na Roinne Cosanta.</p> <p>(b) (b)moltaí atá in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 220,</p> |

(c) cibé nithe eile,	(c) (d)nithe eile
a tharchuirfidh an Dáil chuige.	arna dtarchur chuig an Roghchoiste ag an Dáil, agus
3 Beidh an tAire Gnóthaí Eachtracha (nó comhalta den Rialtas nó Aire Stáit a ainmneofar chun gníomhú ina áit nó ina háit chun na críche sin), ina chomhalta nó ina comhalta <i>ex officio</i> den Roghchoiste chun na nithe atá leagtha amach i mír (2)(a) agus (b) a bhreithniú agus beidh sé nó sí i dteideal vótáil in imeachtaí an Roghchoiste.	3 The Minister for Foreign Affairs (or a member of the Government or Minister of State nominated to act in his or her stead for that purpose) shall be an <i>ex officio</i> member of the Select Committee for the purpose of consideration of the matters outlined at paragraph (2)(a) and (b) and shall be entitled to vote in Select Committee proceedings.
4. Beidh ag an Roghchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (6) go (10).	4. The Select Committee shall have the powers defined in Standing Order 96, other than paragraphs (6) to (10).
5 Déanfar an Roghchoiste a chomhcheangal le Roghchoiste arna cheapadh ag Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha, agus, gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), déanfaidh an Roghchoiste an méid seo a leanas a bhreithniú—	5 The Select Committee shall be joined with a Select Committee appointed by Seanad Éireann, to form the Joint Committee on European Union Affairs, which, without prejudice to the generality of paragraph (1), shall consider—
(a) doiciméid phleanála straitéiseacha an Choimisiúin Eorpaigh lena n-áirítear Clár Oibre an Choimisiúin,	(a) the European Commission's strategic planning documents including the Commission Work Programme,
(b) forbairtí beartais tras-earnála ag leibhéal an Aontais Eorpaigh,	(b) cross-sectoral policy developments at European Union level,
(c) nithe a liostaítear lena mbreithniú ar an gclár gnó i gcomhair cruinnithe de Chomhairle (Airí) Gnóthaí Ginearálta an Aontais Eorpaigh agus toradh cruinnithe den sórt sin.	(c) (d) nithe ar a ndéanfar breithniú de réir chlár oibre chruinnithe Chomhairle AE na nAirí agus toradh na gcruinnithe sin.

- | | |
|---|---|
| <p>D cibé rialacháin faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2009 agus ionstraimí eile arna ndéanamh faoi reacht agus is gá de dhroim na n-oibleagáidí a ghabhann le ballraíocht san Aontas Eorpach a roghnóidh an Coiste,</p> | <p>D such regulations under the European Communities Acts 1972 to 2009 and other instruments made under statute and necessitated by the obligations of membership of the European Union as the Committee may select,</p> |
| <p>E fógraí arna dtarchur ag an Dáil faoi Bhuan-Ordú 134(1)(a),</p> | <p>E notifications referred by the Dáil under Standing Order 134(1)(a),</p> |
| <p>F fógraí i dtaobh tograí chun na Conarthaí a fuarthas ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 48.2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a leasú,</p> | <p>F notifications of proposals for the amendment of the Treaties received from the European Council pursuant to Article 48.2 of the Treaty on European Union,</p> |
| <p>G fógraí i dtaobh iarratais ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a fuarthas ón gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus</p> | <p>G notifications of applications for membership of the European Union received from the European Council pursuant to Article 49 of the Treaty on European Union, and</p> |
| <p>H cibé nithe eile a tharchuirfidh an Dáil chuige ó am go ham.</p> | <p>H (I)cibé nithe eile a tharchuirfidh an Dáil chuige ó am go chéile.</p> |
| <p>6 Tabharfaidh an Comhchoiste tuarascáil do dhá Theach an Oireachtais ar oibriú Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002.</p> | <p>6 The Joint Committee shall report to both Houses of the Oireachtas on the operation of the European Union (Scrutiny) Act 2002.</p> |
| <p>7 Beidh ag an gComhchoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, 133 agus 135 agus beidh aige an chumhacht chun moltaí a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eachtracha (nó faoi bhráid Aire Stáit) i dtaobh nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach.</p> | <p>7 The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 96, 133 and 135 and shall have the power to make recommendations to the Minister for Foreign Affairs (or Minister of State) on European Union matters.</p> |

- | | |
|--|---|
| <p>8 Féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar chruinnithe den Chomhchoiste agus páirt a ghlacadh in imeachtaí gan ceart vótála a bheith acu ná ceart tairiscintí a dhéanamh ná leasuithe a thairiscint:</p> <p>(a) Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ó thoghcheantair in Éirinn,</p> <p>(b) Comhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, agus</p> <p>(c) ar chuireadh a fháil ón gCoiste, Comhaltaí eile de Pharlaimint na hEorpa.</p> <p>9 Déanfaidh an Comhchoiste ionadaíocht do dhá Theach an Oireachtais ag Comhdháil na gCoistí um Ghnóthaí Comhphobail agus Eorpacha de chuid Parlaimintí an Aontais Eorpaigh (COSAC) agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an gcéanna do dhá Theach an Oireachtais.</p> <p>10 Beidh Cathaoirleach Roghchoiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.</p> | <p>8 (7) Féadfaidh leo siúd a leanas freastal ar chruinnithe den Roghchoiste nó cruinnithe den Chomhchoiste, chun críocha na bhfeidhmeanna a leagtar amach i mír (5) agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh sna himeachtaí, gan ceart vótála a bheith acu ná an ceart chun tairiscintí nó leasuithe a dhéanamh:</p> <p>(a) (a) feisirí Parlaimint na hEorpa a thoghfaí do dháilcheantair in Éirinn, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann,</p> <p>(b) (b) comhaltaí thoscaireacht na hÉireann i dTionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, agus</p> <p>(c) (c) ar chuireadh ón gCoiste, feisirí eile Parlaimint na hEorpa.</p> <p>9 The Joint Committee shall represent both Houses of the Oireachtas at the Conference of Community and European Affairs Committees of Parliaments of the European Union (COSAC) and shall report to both Houses of the Oireachtas thereon.</p> <p>10 (6) I gcás go mbeidh Roghchoiste comhcheangailte le Roghchoiste arna cheapadh ag Seanad Éireann, feidhmeoidh Cathaoirleach an Roghchoiste mar Chathaoirleach an Chomhchoiste chomh maith.</p> |
|--|---|

Aguisín II: Liosta de na Cruinnithe a Tionóladh

Dáta & Nasc chuig an Tras-scríbhinn	Finnéithe
An 30 Márta, 2021	David O’Sullivan, Iar-Ardstiúrthóir na Trádála sa Choimisiún Eorpach
An 6 Aibreán, 2021	An Dr Laurens Ankersmit, Ollamh Cúnta in Ollscoil Amstardam An Dr David Fennelly, Ollamh Cúnta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath An Dr Oisín Suttle, Ollamh Cúnta in Ollscoil Mhá Nuad
An 13 Aibreán, 2021	Suzanne Drisdelle, Chargée d’Affaires in Ambasad Ceanada chun na hÉireann Reuben East, Comhairleoir Trádála agus Eacnamaíochta i Misean Ceanada chun an Aontais Eorpaigh Chris Collenette, Cathaoirleach ar Chomhlachas Gnó na hÉireann-Ceanada
An 26 Bealtaine, 2021	Leo Varadkar, an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
An 2 Meitheamh, 2021	Rupert Schlegelmilch, an Leas-Ardstiúrthóir Gníomhach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, an Coimisiún Eorpach

Colin Brown, Ceann Aonaid, Gnéithe Dlí na Trádála, na Forbartha agus na hInfheistíochta Inbhuanaithe, an Coimisiún Eorpach

Aguisín III: Liosta de na hAighneachtaí Scríofa a Fuarthas

- Pia Eberhardt, Taighdeoir agus Feachtasóir, Corporate Europe Observatory
(*aighneacht i scríbhinn*)
- An Dr Kyla Tienhaara, Ollamh Cúnta, Ollscoil na Banríona, Ceanada
(*aighneacht i scríbhinn*)
- An Dr John Reynolds, Ollamh Comhlach, Ollscoil Mhá Nuad
- Philip Lee, Comhpháirtí, Gnólacht Dlí Philip Lee
- An Dr Pat Ivory, Stiúrthóir ar Chúrsaí AE agus Cúrsaí Idirnáisiúnta, IBEC
- Tom Cusack, Bainisteoir Roinne, Fiontraíocht Éireann

Tithe an Oireachtas

Teach Laighean

Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

D02 XR20

www.oireachtas.ie

Guthán: +353 (0)1 6183000 or 076 1001700

Twitter: @OireachtasNews

Déan ceangal linn



Íoslódáil an aip

